# com...

An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

Tuarascáil Bhliantúil
An Bhliain Dar Críoch Meitheamh 2006

ARNA CHUR I LÁTHAIR AN AIRE CUMARSÁIDE, FUINNIMH AGUS ACMHAINNÍ DAONNA (AR A dTUGTAÍ AN tAIRE CUMARSÁIDE, MARA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA ROIMHE SEO) DE RÉIR ALT 32 DEN ACHT UM RIALÁIL CUMARSÁIDE, 2002.

## Ráiteas Misin

Éascaíonn ComReg earnáil cumarsáide iomaíoch, dinimiciúil a fhorbairt in Éirinn, a thugann an chumhacht do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh.

...reg

# Clár

Faoi ComReg

Coimisinéirí 02

Foireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin 03

Struchtúr agus Ról ComReg 04

Athbhreithniú an Chathaoirligh 06

Sracfhéachaint ar an Earnáil Chumarsáide 08

Iomaíocht 14

Nuálaíocht agus Bainistíocht Speictrim 18

Tomhaltóirí 24

Ceadúnú Speictrim Raidió 28

Uimhriú 34

Rialachán Poist 36

Gnóthaí Seachtracha 40

Gnóthaí Corparáideacha 41

Cumarsáid agus Foilseacháin 42

Rialachas Corparáideach 43

Faisnéis Airgeadais 46

Aguisín 1 Liosta na gcáipéisí arna bhfoilsiú ag ComReg le linn na bliana 63

# Coimisinéirí





**Mike Byrne**
Coimisinéir (Cathaoirleach)

**John Doherty**
Coimisinéir

# Foireann Fheidhmeannach Bainistíochta

1

2

3

4

5

6


1. George Merrigan
Stiúrthóir
An Rannán um Chreat Margaidh

2. Dermot Nolan
Stiúrthóir
An Rannán Miondíola

3. Donal Leavy
Stiúrthóir
An Rannán Mórdhíola

4. Shay O'Malley
Stiúrthóir
An Rannán Gnóthaí Corparáideacha

5. Sebastian Farr
Comhairleoir Sinsearach Dlí

6. Gary Healy
Cathaoirleach Ghrúpa
Athbhreithnithe Chreat IRG/ERG

# Structúr agus Róil Eagrúcháin

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar 1 Nollaig, 2002. Tá ComReg á stiúradh faoi láthair ag beirt Choimisinéirí Mike Byrne (Cathaoirleach) agus John Doherty. Tá ceithre Ránnán ann atá á dtacú ag Comhairleoir Sinsearach Dlí. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmiúla atá ag feidhmiú i dtimpeallacht ildisciplíneach.

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as earnáil na cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus craoltóireacht) agus as an earnáil poist a rialú. Is é ComReg an t-údáras náisiúnta rialála ar na hearnálacha seo de réir Dhlí an AE agus Dhlí na hÉireann.

Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chur chun cinn, tomhaltóirí a chosaint agus as nuálaíocht a spreagadh. Déileálaimid le ceisteanna casta maidir le dlí, eacnamaíocht, agus teicneolaíocht agus cinntímid go ndéantar ár gcinntí a mhíniú go soiléir. Feidhmíonn ComReg mar chomhlacht coláisteach, agus is le chéile a dhéanann na Coimisinéirí cinntí. Ceapaimid go bhfuil sé seo tábhachtach má táimid chun sprid an Achta um Rialáil Cumarsáide, an t-acht lenar bunaíodh an Coimisiún, a chomhlíonadh.

Tá raon leathan freagrachtaí ag ComReg, mar Údarás Náisiúnta Rialála, maidir le cumarsáid leictreonach, seirbhísí agus líonraí leictreonacha, seirbhísí poist agus bainistíocht speictrim. Cuireann ComReg i bhfeidhm trí Acht mhóra a bhaineann le teileachumarsáid, 13 cinn acu sa réimse radateileagrafaíochta, agus bainistíochta speictrim agus a lán ionstraimí reachtúla a chlúdaíonn na trí earnáil.

Clúdaíonn sainchúram ComReg líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide lena n-áirítear:

- Córais Thraidisiúnta Teileafóin;
- Líonraí soghluaiste a sholáthraíonn seirbhíse gutha agus sonraí;
- Cumarsáid Raidió lena n-áirítear seirbhísí gan sreang a sholáthraíonn réimse seirbhísí;
- Tarchur traidisiúnta teilifíse agus raidió;
- Teilifís chábla;
- Oibríochtaí MMDS agus sraonairí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse;
- Scéimeanna ceadúnaithe Tástáil agus Triail;
- Creat Ceadúnaithe do Sheirbhís Satailíte in Éirinn.

Ina theannta sin, de réir Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá raon d'fheidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg maidir le líonraí leictreonacha cumarsáide, seirbhísí leictreonacha cumarsáide agus na saoráidí a bhaineann leo agus an post a sholáthar. Áirítear orthu seo:

- comhlíonadh le hoibleagáidí a chinntiú;
- iomaíocht a chur chun cinn;
- cuidiú leis an margadh inmheánach a fhorbairt;
- suim na n-úsáideoirí laistigh den Choimisiún Eorpach a chur chun cinn;
- bainistíocht éifeachtach agus úsáid éifeachtach den speictream raidió-mhinicíochta agus uimhreacha ón scéim náisiúnta uimhrithe a chinntiú;
- forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe seirbhís uilíoch a bheith ar fáil laistigh, chuig agus ón Stát ag costas réasúnta chun tairbhe gach úsáideora lena n-áirítear úsáideoirí faoi mhíchumas.

Tá an Tuarascáil struchtúrtha chun déileáil le gníomhaíocht ComReg i dtaca leis na limistéir sin go léir.

Cumasaíonn ComReg iomaíocht san earnáil chumarsáide trí iontráil sa mhargadh a éascú trí údarú ginearálta a thabhairt le líonraí agus seirbhísí a sholáthar, agus trí rochtain ar líonraí a rialú d'fhonn rogha éifeachtúil a fhorbairt do ghnólachtaí agus thomhaltóirí cónaithe. San earnáil seo atá ag forbairt go gasta, i gcomhthéacs teicneolaíochta agus tráchtála araon, soláthraíonn ComReg an creat le haghaidh raon seirbhísí úra a thabhairt isteach lena n-áirítear, mar shampla, Next Generation Networks, 3G agus Achar Logánta Rochtana Fostaithe gan Sreang (FWALA) agus an Scéim Ceadúnaithe um Thástáil agus Triail.

Is é fócas an rialaithe don tseirbhís phoist sa mhargadh a bhfuil léirscaoileadh páirteach déanta air ná an Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (USO) a chothabháil agus a chinntiú go bhfuil praghsanna An Post coigeartaithe de réir costais. Tá ComReg freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsuithe i gcaighdeán na seirbhíse trí spriocanna a leagan amach le haghaidh seachadta poist agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán feidhmíochta na seirbhíse i gcoinne spriocanna a leagtar amach de réir Caighdéan Eorpach.

Tá ár ngníomhaíochtaí dírithe ar úsáideoirí agus oibreoirí cumarsáide gnó agus cónaithe. Clúdaíonn ár dTuarascáil Bhliantúil ár bpríomhghníomhaíochtaí ó mhí Iúil 2005 go dtí deireadh mhí Mheithimh 2006.

Oifig na gCoimisinéirí
An Coimisinéir Mike Byrne (Cathaoirleach)
An Coimisinéir John Doherty

Déan teagmháil le: Marie Cussen
Cúntóir Feidhmiúchán don Choimisiún
Teil: 01 8049689
Colette Andrews
Cúntóir don Choimisiún
Teil 01 8049644

**Ba iad Rannán ComReg agus a Stiúrthóirí ná:**

Creat Margaidh - Stiúrthóir: George Merrigan

Tá an Creat Margaidh freagrach as an speictream raidió a bhainistiú. Déanann sé maoirseacht ar an gcóras údaraithe ginearálta maidir le hearnáil na cumarsáide leictreonaí in Éirinn agus déanann sé monatóireacht ar an gcomhlíonadh le coinníollacha údaraithe ginearálta chomh maith. Tá sé freagrach chomh maith as Earnáil an Phoist a rialú. Déanann an Creat Margaidh bainistiú ar an speictream raidió chomh maith agus eisíonn sé thart ar 18,000 ceadúnas radaiteileagrafaíochta do chuideachtaí éagsúla agus do dhaoine aonair. Lena chois sin, is é an Creat Margaidh a riarann Plean Náisiúnta Uimhrithe na hÉireann, chomh maith leis an gcreat d'earraí rialála úra a sholáthar do mhargaí fostaithe agus do mhargaí gan sreang.
Déan teagmháil le: Sinead Devey,
An Cúntóir Rannáin ag 01 8049621

An Rannán Mórdhíola - Stiúrthóir: Donal Leavy

Láimhseálann an Rannán Mórdhíola na ceisteanna uile a bhaineann le rialú an mhargaidh cumarsáide mórdhíola lena n-áirítear ceisteanna cosúil le hidirnasc, réiteach conspóide, an lúb logánta a dhíchuachadh agus praghsáil earraí mórdhíola rialaithe. Tá ról ag an Rannán seo chomh maith maidir le gnéithe rialaithe airgeadais na hearnála teileachumarsáide, le cois cúrsaí airgeadais agus feidhm bhainistíochta riosca ComReg é féin a bhainistiú.
Déan teagmháil le: Sharon Ward,
An Cúntóir Rannáin ag 01 8049710

An Rannán Miondíola – Stiúrthóir: Dr. Dermot Nolan

Láimhseálann an Rannán Miondíola polasaí a bhaineann le hidirghníomhaíocht dhíreach na dtomhaltóirí le díoltóirí nó le ceannaitheoirí seirbhísí. Cuimsíonn sé seo réimsí cosúil le seirbhís uilíoch um rochtain teileachumarsáide a sholáthar, cearta tomhaltóirí, roinnt gnéithe de phraghsáil mhiondíola, agus tuairimí tomhaltóirí agus lucht gnó maidir leis na margaí cumarsáide leictreonaí agus margaí poist a bhailiú agus a chur i láthair trí shuirbhéanna. Tá an Rannán freagrach fosta as comhairle eacnamaíoch a sholáthar don Choimisiún.
Déan teagmháil le: Michelle Townshend,
An Cúntóir Rannáin ag 01 8049654

An Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha – Stiúrthóir: Shay O'Malley

Forbraíonn an Rannán seo gnóthaí corparáideacha den scoth agus straitéisí cumarsáide atá deartha le feidhmíocht agus éifeachtacht eagrúcháin a threisiú. Tá sé freagrach as acmhainní daonna, cúram tomhaltóra, córais faisnéise, saoráil faisnéise, caidreamh poiblí, agus feidhmeanna ginearálta bainistíochta ar shaoráidí.

Tá roinnt mórghradaim acmhainní daonna bainte amach ag ComReg, lena n-áirítear an Caighdeán um Scothsheirbhísí ó Scothfhostaithe agus gradam náisiúnta oiliúna Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann. Tugann na gradaim luachmhara seo aitheantas d'eagraíochtaí a léiríonn an cleachtas is fearr in acmhainní daonna agus tiomantas leanúnach d'fhorbairt acmhainní daonna.
Déan teagmháil le: Triona Kelly,
An Cúntóir Rannáin ag 01 8049751

Tá an Eagraíocht tacaithe ag Comhairleoir Sinsearach Dlí agus ag Aonad Cumarsáide.

Comhairleoir Sinsearach Dlí: Sebastian Farr

Tugann an Comhairleoir Sinsearach Dlí comhairle faoi na mórcheisteanna dlí uile agus faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le polasaithe cumarsáide in Éirinn agus san AE.

Déan teagmháil le: Clare Kelly,
An Cúntóir Rannáin ag 01-8049628

Cathaoirleach Fhoireann Thionscadal IRG, Gary Healy

Déan teagmháil le: Sonja Owens,
An Cúntóir Rannáin ag 01 8049738

An tAonad Cumarsáide

Eisíonn an tAonad Cumarsáide preaseisiúintí agus teachtaireachtaí cumarsáide do na meáin agus don phobal i gcoitianta thar ceann ComReg. Lena chois sin, déanann an tAonad seo ár suíomh gréasáin a bhainistiú, ár gcomhdhálacha agus seimineáir a eagrú agus ár dTuarascálacha Bliantúla agus foilseacháin eile a fhoilsiú, lena n-áirítear nuachtlitir ComReg.
Déan teagmháil le: Tom Butler,
An Bainisteoir Cumarsáide ag 01 804 9639



# Athbhreithniú an Chathaoirligh don Bhliain

Bhí fás leanúnach ag earnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist na hÉireann, arbh fhiú €5 billiún iad, sa bhliain 2006. Lean an iomaíocht i margadh cumarsáide na hÉireann ag forbairt le líon méadaithe d'oibreoirí ag dul san iomaíocht, go háirithe le haghaidh Leathanbhanda a sholáthar. Chruthaigh earnáil na cumarsáide leictreonaí breis agus €4 billiún sa bhliain go dtí 30 Meitheamh 2006, agus na hearnálacha Fostaithe, Móibíleach agus Craoltóireachta ag tabhairt 50%, 46% agus 4% d'ioncam faoi seach. D'fhás an líon d'oibreoirí údaraithe poist le 4 go 29 sa bhliain thuairiscithe chomh maith.

Tá ról ríthábhachtach ag na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist araon inár sochaí. Is fíorthábhachtach seirbhísí cumarsáide nua-aimseartha agus iomaíocha a bheith ag Éirinn a fhreastalóidh ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha na tíre amach anseo. Má táimid le bheith san iomaíocht amach anseo, caithfimid a bheith ábalta a chinntiú go leanfaidh raon, caighdeán, éagsúlacht agus praghas na n-earraí atá ar fáil anseo de bheith ag tarraingt isteach agus ag forbairt ceannairí sa saol seo atá bunaithe níos mó an t-am ar fad ar an eolas. Is léir, agus cuideachtaí cosúil le Google, Amazon, IBM, Ebay, agus MSN á lonnú anseo go bhfuil tús maith curtha againn leis an obair seo.

Mar sin féin, ní féidir linn a bheith róshásta linn féin, caithfimid cur leis an dul chun cinn seo le cois cuid de na dúshláin a réiteach a bhíonn ann sa mhargadh cónaithe mar gheall ar éagsúlacht phobal na hÉireann agus as siocair gur pobal é a bhfuil cuid mhór de lonnaithe faoin tuath.. Caithfimid a chinntiú go n-aithnímid na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí a chur ar aghaidh agus a chomhchruinniú, leis an éifeachtacht agus an raon earraí agus seirbhísí atá siad ábalta a thabhairt, mar atá na buntáistí sin á n-aithint ag tíortha eile ar fud na hEorpa go bhfuil an timpeallacht chuí againne chomh maith le tacú lena leithéid sin d'imscaradh. Gan amhras, tiocfaidh dúshláin shuimiúla as an méid seo uile, ní hamháin don tionscal ach don Rialtóir agus don Rialtas chomh maith. Tá sé riachtanach, áfach, go gcinntímid go bhfuil ár seirbhísí cumarsáide inchurtha le, nó níos fearr ná na cinn atá ann i dtíortha tábhachtacha eile.

Le gach bliain a théann thart bíonn na seirbhísí cumarsáide leictreonaí ina gcuid níos dlúithe de ghnáthshaol gach duine againn. Is féidir le seirbhísí cumarsáide nua-aimseartha saol an duine a shaibhriú ar a lán bealaí agus tá an acmhainneacht acu an dóigh a mbímid ag plé leis an tsochaí a athrú. Is samplaí follasacha iad cumarsáid an Leathanbhanda agus cumarsáid mhóibíleach den dóigh ar féidir le córais chumarsáide agus teicneolaíochta tionchar fíorthábhachtach a imirt ar an tsochaí agus ar stíleanna maireachtála i dtréimhse ghairid ama.

## Tomhaltóir

Le linn na bliana, rinne ComReg roinnt tionscnamh chun cuidiú le tomhaltóirí, chun iad a chosaint agus chun cumhacht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear suíomh gréasáin ComReg www.callcosts.ie a fhorbairt agus a lainseáil. Tugann an suíomh seo deis do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh ar chostais de phacáistí éagsúla móibíleacha, seasta, Leathanbhanda agus cuachta atá oiriúnach dá riachtanais féin. Lena chois sin, d'oibrigh ComReg go dlúth le geallsealbhóirí agus gníomhaireachtaí Stáit eile, lena n-áirítear an Coimisinéir um Chosaint Sonraí, maidir le tomhaltóirí a chosaint, mar shampla, an feachtas chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin dóigh le stop a chur le glaonna margaidh gan iarraidh ar a dtugtar 'glaonna fuara' chomh maith.

## Leathanbhanda

Le linn thréimhse na tuarascála seo tháinig méadú 109% ar shíntiúis ar an Leathanbhanda, agus d'éirigh an iomaíocht idir na hardáin éagsúla Leathanbhanda níos bríomhara. Bhí rogha níos mó d'earraí Leathanbhanda ag tomhaltóirí Éireannacha, agus bhí siad in ann teacht orthu níos fusa. Laghdaigh leibhéil na bpraghsanna Leathanbhanda thar an tréimhse chomh maith de bharr iomaíochais a bhí ag méadú i measc soláthróirí agus de bharr éilimh mhéadaithe i measc tomhaltóirí.

## Móibíleach

Le linn na tréimhse seo thionscain ComReg comórtas maidir leis an gceathrú ceadúnas fóin phóca 3G, an ceann deireanach. Faoi dheireadh mhí Mheithimh 2006, bhí 4.4 milliún síntiús ann d'fhóin phóca agus shroich an t-ioncam 2 billiún. Rud suntasach eile a tharla sa bhliain sin ná athiontráil Eircom sa mhargadh móibíleach trí Meteor a cheannach. Thosaigh cuideachtaí móibíleacha ag tairiscint seirbhísí úra 3G cosúil le teilifís mhóibíleach. I mí Mheithimh 2006, tháinig Sky agus Vodafone le chéile leis an gcéad seirbhís mhóibíleach teilifíse in Éirinn a thairiscint. Is gné shainiúil de mhargaí móibíleacha na hÉireann an ardúsáid a bhaintear as seirbhísí sonraí móibíleacha.

## Nuálaíocht

Chothaigh ComReg nuálaíocht trína Scéim Ceadúnaithe um Thástáil agus Triail ina gceadaítear do chuideachtaí agus eagraíochtaí taighde earraí agus seirbhísí féideartha a fhorbairt agus a thriail i bhfíorthimpeallacht. Leanfaidh ComReg ag déanamh a chroíodhíchill nuálaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn d'fhonn go mbeidh fáil ag úsáideoirí deiridh ar sheirbhísí úra agus dinimiciúla.

Mar chuid dá thiomantas don nuálaíocht agus d'fhorbairt an speictrim, d'óstáil ComReg comhdháil ar Bhainistíocht Speictrim i gcónasc leis an OECD. Rinne an chomhdháil scrúdú ar úsáid idirnáisiúnta an speictrim bhainistíochta raidió agus ar na saincheisteanna atá ag spreagadh an athraithe i mbainistíocht speictrim.

## Post

Is é caighdéan na seirbhíse an dúshlán is mó in earnáil an phoist i gcónaí. Is cúis áthais na tiomantais a thug An Post maidir le nuashonrú ráithiúil a sholáthar faoi na bearta atá á ndéanamh chun feabhas a chur ar an gcaighdéan. Agus an margadh ag dul i dtreo léirscaoilte, rachaidh na céimeanna seo chun tairbhe do na tomhaltóirí cónaithe agus do na tomhaltóirí gnó a bhíonn ag brath ar sheirbhís phoist d'ardchaighdeán.

Bíonn ComReg ag obair ar son an athraithe agus tá sainordú soiléir aige. Caithfidh sé margadh iomaíoch a chruthú, tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas, agus an margadh inmheánach a chur chun cinn. Leanfaidh ComReg de bheith ag cinntiú go bhfuil an iomaíocht laistigh de na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist treisithe sa dóigh is go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí agus gnólachtaí Éireannacha ar an luach is fearr, an rogha is leithne agus seirbhísí poist den chaighdeán is airde.

Thar thréimhse na Tuarascála Bliantúla seo, tá a lán páipéar comhairliúcháin foilsithe ag ComReg agus tá a lán tionscnamh lainseáilte acu. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil lenár ngeallsealbhóirí uile a bhí i gcaidreamh le ComReg le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil ó chroí le mo chuid comhghleacaithe go léir i ComReg as an dúthracht agus an dílseacht a léirigh siad le linn na bliana. Cinntíonn a ngairmiúlacht agus a macántacht go mbeidh ardmheas ar cháil na hÉireann maidir le rialú na hearnála cumarsáide leictreonaí agus na hearnála poist sa tír seo agus thar lear araon.

Mike Byrne,
Cathaoirleach

# Sracfhéachaint ar an Earnáil Chumarsáide

Cuireadh luas le margadh cumarsáide na Éireann in 2006, le líon méadaithe d'oibreoirí ag dul san iomaíocht, go háirithe sa mhargadh Leathanbhanda. Ghin an earnáil chumarsáide leictreonaí thart ar €4.05b in ioncam sna 12 mhí go dtí Meitheamh 2006. Ag deireadh na tréimhse sin, b'ionann an earnáil líne fostaithe (Leathanbhanda san áireamh) agus os cionn 50% den mhargadh seo agus b'ionann ioncam móibíleach agus 46% de, agus b'ionann an margadh craoltóireachta agus an 4% eile.

Bhí roinnt cumasc agus éadálacha ardphróifíle in Éirinn sa tréimhse seo, go háirithe éadáil Eircom d'oibreoir móibíleach Meteor i mí Iúil 2005, glacadh seilbhe Cable & Wireless ar Energis i mí Lúnasa 2005, éadáil UPC de NTL Éireann i ndeireadh 2005, Telfonica a cheannaigh o2 i mí Dheireadh Fómhair agus Babcock & Brown a cheannaigh mórbhun in Eircom le linn an tsamhraidh 2006.

D'fhás dul i bhfeidhm Leathanbhanda sa mhargadh go láidir le linn na tréimhse chomh maith de bharr margaíochta méadaithe líon ISPanna a bhí ag dul i méad, dul i bhfeidhm PCanna (bhí ríomhaire ag 59% de theaghlaigh Éireannach faoi Fheabhra 2006), infheistíochta leanúnaí in árdáin mhalarthacha Leathanbhanda cosúil le rochtain fhostaithe gan sreang agus módeim cábla, agus de bharr an treochta beartáin le praghsanna réasúnta de phacáistí cumarsáide a thairg le tomhaltóirí. I suirbhé a rinne ComReg go déanaí in 2005[1] fuarthas amach go raibh ag 99% d'úsáideoirí Idirlín sa bhaile eolach faoin téarma 'leathanbhanda' agus faoi mhí Mheithimh 2006[2] bhí thart ar 36% de theaghlaigh leis an Idirlíon ag fáil rochtana ar an Idirlíon trí nasc Leathanbhanda.

Mhéadaigh ráta dul i bhfeidhm na cumarsáide móibílí, mar gheall ar úinéireacht SIManna iolraí agus ar ghlacadh láidir de sheirbhísí móibíleacha. Tá níos mó úinéirí fóin phóca ann anois ná úinéirí líne fostaithe baile, treocht a fheictear i margaí eile ar fud an domhain. Thosaigh an bonn úsáideora níos leithne ag úsáid ardseirbhísí cosúil le MMS, a fuair tacaíocht ó sheirbhís 3G a lainseáil 3 Ireland in 2005, seirbhís i-mode o2 agus lainseáil Vodafone dá sheirbhís Vodafone Unlimited Data 3G Broadband i mí Iúil 2006.

**Líon Oibreoirí**

Faoin bpróiseas údaraithe, cuireann oibreoirí in Éirinn in iúl do ComReg go bhfuil rún acu líonraí agus seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe. Sa tréimhse idir thús mhí Iúil 2005 agus deireadh mhí Mheithimh 2006, cláraíodh 99 fógra den sórt seo le ComReg.


**Scair an Mhargaidh Fhostaithe**

Bunaithe ar shonraí oibreora a cuireadh isteach trí cheistneoir sa Tuarascáil Ráithiúil, b'ionann Oibreoirí Údaraithe Éile (OAOanna) agus 26% de mhargadh na líne fostaithe i gcomhthéacs ioncaim faoi mhí Mheithimh 2006[3].

**Fostaithe: CPS & WLR**

Is féidir rochtain indíreach ar líonraí líne fostaithe a sholáthar trí Iompróir Réamhroghnaithe (CPS), trína soláthraíonn líonra Eircom na seirbhísí glao. Sa chás seo íocann an custaiméir cíos líne le Eircom. De rogha air sin, trí Chíos Líne Mórdhíola (WRL) is féidir le hoibreoir billeáil shingil a sholáthar don tomhaltóir dá gcíos don líne fhostaithe agus dá nglaonna fostaithe araon. Faoi dheireadh 2006, b'ionann WLR agus 61% de na línte a soláthraíodh trí rochtain indíreach, suas ó 39% ag deireadh na 12 mhí roimhe sin, agus léiríodh fianaise gur fearr le tomhaltóir bille singil a fháil óna n-oibreoir seirbhíse. De réir suirbhé[4] cónaithe arna choimisiniú ag ComReg in Aibreán-Bealtaine 2006, d'athraigh 15% de theaghlaigh le líne fhostaithe a n-oibreoir líne fostaithe uair amháin ar a laghad sna 12 mhí roimhe sin. Thaispeáin an suirbhé céanna go mb'ionann an meánchaiteachas dhá mhíosúil ar theileafónaíocht líne fostaithe agus €101.39.

**Fíor 1.1: Rochtain indíreach: CPS agus WLR**
Roghnóir Réamh Roghnaithe agus Cíos Líne Mórdhíola





1 http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0608a.pdf
2 Suirbhé Threochtaí Comhairlithe Amárach ar fáil ag http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0657a.pdf
3 Bunaithe ar Quarterly Key Data Report – ComReg 06/52.
4 Suirbhé Threochtaí Comhairlithe Amárach ar fáil ag http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0657a.pdf

## Conairí Rochtana Telecom

Shroich líon iomlán na gconairí rochtana 6.4 milliún faoi dheireadh mhí Mheithimh 2006. Cuimsíonn an figiúr seo conairí PSTN, Móibíleacha agus ISDN agus is méadú é ar 5.9 milliún a tuairiscíodh sa tuarascáil[5] roimhe seo. Lean Móibíleach de bheith ar an líon is airde de chonairí rochtana ag thart ar 68%, méadú de 3% i líon na gconairí ón mbliain roimhe sin, agus tháinig laghdú beag ar línte rochtana PSTN go dtí beagainín faoi 1.6 milliún. Mhéadaigh an líon de chonairí rochtana díchuachta ón tuarascáil roimhe seo go dtí 15,000 toisc go raibh suim i lúb logánta díchuachta arís.


**Fíor 1.2: Conair Rochtana Telecom**
Scair Chéadatánach de Chonair Rochtana – Meitheamh 2006




## Móibíleach

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2006 bhí 4.4 milliún síntiús ar sheirbhísí cumarsáide móibíleacha in Éirinn, agus is ionann sin agus ráta dul i bhfeidhm de 103%. Is é seo méadú de 94% de dhul i bhfeidhm de réir mar a tuairiscíodh sa tuarascáil roimhe seo. B'ionann meán an AE don tréimhse chéanna agus 105%.

**Fíor 1.3: Ráta dul i bhFód Móibíleach**
Dul i bhFód Móibíleach Q2, 2002 - Q2, 2006




Foinse: Quarterly Key Data Questionnaire


Lean teachtaireachtaí téacs a bheith mar mhóréileamh d'fheidhmiúchán na seirbhísí móibíleacha agus seoladh thart ar 5 billiún teachtaireacht téacs le linn na bliana. Sa cheathrú deireanach go dtí deireadh mhí Mheithimh 2006, sheol an meán-rannpháirtí móibíleach Éireannach meán de 114 teachtaireacht sa mhí.

Measann an Yankee Group gurbh ionann an Meán-Ioncam in Aghaidh an Úsáideora (ARPU) in Éirinn agus thart ar €47 do na 12 mhí go dtí deireadh mhí Mheithimh 2006. Rinne ComReg suirbhéanna cónaithe le linn na bliana chomh maith agus taispeánann torthaí gurb ionann an meánchaiteachas míosúla tomhaltóirí cónaithe ar sheirbhísí móibíleacha agus thart ar €58[6].

## Scair an Mhargaidh Mhóibíligh

Mhéadaigh Meteor Ireland a scair den mhargadh de rannpháirtithe GSM go dtí os cionn 15% faoi dheireadh mhí Mheithimh 2006. Leanann Vodafone Ireland agus o2 den scair is mó den mhargadh[7] GSM a bheith acu.

**Fíor 1.4: Scair Mhargaidh Rannpháirithe Móibíleacha**
Scair an Mhargaidh Mhóibíligh – Meitheamh 2006





5 Níl ionann bealaí rochtana agus línte rochtana. Áirítear líne PSTN agus rannpháirithe móibíleacha mar bhealach rochtana amháin agus is féidir le líne ISDN ilbhealaí rochtana a thacú.
6 Suirbhé Threochtaí Comhairlithe Amárach ar fáil ag http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0657a.pdf
7 Foinse: Quarterly Key Data Report ComReg 06/52

# Sracfhéachaint ar an Earnáil Chumarsáide AR LEAN

## An tIdirlíón

Lean líon úsáideoirí an idirlín Chaolbhanda (mar chéatadán de líon iomlán úsáideoirí an idirlín in Éirinn) ag laghdú agus úsáideoirí ag aistriú ó sheirbhísí diailchaoi go dtí seirbhísí Leathanbhanda cosúil le DSL (Líne Dhigiteach Rannpháirtí). Laghdaigh rannpháirtithe Caolbhanda, seirbhísí bunráta agus seirbhísí íoc mar a théann tú araon, ó os cionn 80% den mhargadh idirlín chopair i mí Mheithimh go dtí níos lú ná 70% faoi mhí Mheithimh 2006.

**Fíor 1.5: Rannpháirithe Idirlín Chaolbhanda agus DSL, 2004 – 2006**
Rannpháiritithe Caolbhanda Méadarthomhaiste Caolbhanda ag Bunráta DSL




Foinse: Quarterly Key Data Questionnaire


## Leathanbhanda

Faoi dheireadh mhí Mheithimh 2006, bhí os cionn 370,000 rannpháirtí idirlín ag úsáid teicneolaíochtaí Leathanbhanda, méadú de 109% ar an mbliain seo caite. Is ionann Línte Digiteacha Rannpháirtí (DSL) le 275, 000 rannpháirtí agus an gcuid is mó acu seo. Ba é an rud is suntasaí le linn na bliana, áfach, ná an fás i gcéatadán na rannpháirithe Leathanbhanda thar ardáin mhalartacha cosúil le cumarsáid gan sreang nó cábla, le 52,000 rannpháirtí ag cumarsáid gan sreang agus os cionn 40,000 rannpháirtí ag cábla. Ar feadh mhí Mheithimh 2005, b'ionann DSL agus 80% de na rannpháirtithe Leathanbhanda uile agus faoi mhí Mheithimh thit naisc DSL go dtí 74% de na rannpháirtithe Leathanbhanda uile. Cuimsítear sonraí comparáideacha a thagarmharcálann dul i bhfeidhm Leathanbhanda na hÉireann i gcoinne tíortha OECD thíos. Le cois na rannpháirtithe Leathanbhanda a luaitear thuas, tá breis agus 1,800 pointe rochtana WiFi[8] in Éirinn a sholáthraíonn rochtain fhánaithe Leathanbhanda.

**Figiúr 1.6: Líon agus ráta fás rannpháirtithe Leathanbhanda trí ardán**

| Ardán | Rannpháirtithe Q2 06 | Fás bliain ina dhiaidh bliain Q205-Q206 |
|---|---|---|
| DSL | 275,000 | 92% |
| Cábla | 40,000 | 167% |
| FWALA | 53,000 | 192% |
| Eile[8] | 4,000 | 196% |
| Iomlán | 372,000 | 109% |

**Fíor 1.7: Dul i bhFód Leathanbhanda san OECD Meitheamh 2005**
Síntúsóirí Leathanbhanda OECD in aghaidh an 100 cónaitheora, de réir theicneolaíocht.




Foinse: OECD

8 Satailíe agus snáithín go príomha

## Craoltóireacht


Faoi dheireadh mhí Mheithimh 2006 bhí 570,000 rannpháirtí cábla/MMDS in Éirinn agus bhí 319,000 acu seo ina rannpháirtithe analóige, agus 251,000 ina rannpháirtithe digiteacha. Ar an iomlán, bhí thart ar 1 mhilliún rannpháirtithe ag íoc as seirbhísí teilifíse, 68% acu sin ina rannpháirtí ar seirbhísí digiteacha teilifíse. Táthar ag aistriú fós ó theilifís analóige go dtí teilifís dhigiteach, agus is ionann na teaghlaigh a úsáideann seirbhísí digiteacha agus thart ar 47.5% de na teaghlaigh uile ag a bhfuil teilifís, suas ó 40% in 2005.

## Tairifí

I gcoinne cúlra de phraghsanna a bhíonn ag méadú go ginearálta, d'fhan tairifí PSTN agus móibíleacha na hÉireann measartha seasta ar fud na tréimhse de réir mar a thomhastar iad laistigh de shraith de bhascaeid phraghsála arna faomhadh ag OECD. Rinneadh na bascaeid PSTN agus mhóibíleacha araon a nuashonrú i ndiaidh do cheardlann phoiblí a bheith sa Róimh i mí Iúil 2005. Rinneadh roinnt athruithe suntasacha ar na bascaeid fhostaithe agus na bascaeid Idirlín de bharr na ceardlainne seo, agus mar sin ní féidir sonraí tairife sa tuarascáil seo a chur i gcomparáid go furasta le sonraí tairife ó mhí Mheithimh 2005. Dá bhrí sin, ní dhéantar anailís ar athruithe ar thairifí ach don sé mhí ó mhí Eanáir 2006 go dtí mí Mheithimh 2006.

I mí na Bealtaine, 2006 rangaíodh Éire san 8ú áit, agus bhí sé seo 6 áit níos fearr ná meán an AE i dtéarmaí praghais le haghaidh bascaed de ghlaonna cónaithe agus de chíos líne.


**Fíor 1.8: Bascaed Cónaithe PSTN**
Bascaed Náisiúnta Cónaithe ECFE – Bealtaine '06




Foinse: Teligen
Le nótáil: Seasann na huimhreacha i lúibíní do rangú gach Ballstáit faoi seach mar a bhí ar Feabhra 2006

Bailíonn ComReg sonraí comparáideacha tairife ar líon de bhascaeid mhóibíleacha chomh maith, lena n-áirítear bascaeid iar-íoctha agus bascaeid réamhíoctha d'íseal-úsáideoirí, meán-úsáideoirí agus ard-úsáideoirí. Toisc go bhfuil níos mó ná dhá thrian de shíntiúis mhóibíleacha in Éirinn réamhíoctha, cuirtear an bascaed i láthair thíos le haghaidh anailíse comparáidí a dhéanamh ar thairifí móibíleacha ar fud an AE. Thit na bascaeid réamhíoctha dhá áit go dtí an séú háit sa rangú bainteach. I mí na Bealtaine tháinig Éire isteach san 11ú háit sa bhascaed seo, ábhairín níos fearr ná meán an AE.


**Fíor 1.9: Bascaed Réamhíoctha Móibíleach**
Bascaed Réamhíoctha ECFE – Bealtaine 2006




Foinse: Teligen
Nótáil: Seasann na huimhreacha i lúibíní do rangú faoi seach gach Ballstáit amhail Feabhra 2006

I dtéarmaí foriomlána, tá laghdú ag teacht ar phraghsanna cumarsáide le blianta beaga anuas; Léiríonn Figiúr 1.10 praghsanna cumarsáide i dtaobh na bpraghsanna uile.


**Fíor 1.10: Innéacs Praghsanna Cumarsáide i gcoibhneas leis an Iomlán-Innéacs Praghsanna in Éirinn**
Innéacs Praghsanna Telecom in Éirinn Ean 1997




Foinse: CSO

# com petition

Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chur chun cinn, as tomhaltóirí a chosaint agus as nuálaíocht a spreagadh. Déileálaimid le ceisteanna casta dlí, eacnamaíochta agus teicneolaíochta, agus déanaimid ár ndícheall lena chinntiú go ndéantar ár gcinntí ar bhealach atá cothrom agus go ndéantar iad a mhiniú go soiléir.



# Iomaíocht

Is gné fhíorthábhacht den rialú éifeachtach é cur chun cinn na hiomaíochta. Tá iomaíocht tábhachtach maidir le rogha an tomhaltóra agus earraí nuálaíocha a sholáthar. Trí iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn sna hearnálacha cumarsáide, is féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as rogha níos fearr, caighdeán níos airde agus praghsanna níos ísle ar deireadh.

## Leathanbhanda

Is éard is Leathanbhanda ann ná seachadadh de lúdracht ardtoillte idirlín leis an mbaile nó le gnó. Úsáideann ComReg an bonn tuisceana gurb ionann naisc 512kb, nó níos mó agus Leathanbhanda. I roinnt margaí eile, sainítear luasanna níos ísle ná 144K mar Leathanbhanda. Ciallaíonn sé seo nach n-áirítear naisc a úsáideann ISDN nó teileafónaíocht mhóibíleach 3G ar ríomh uimhreacha Leathanbhanda. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaobh Leathanbhanda in Éirinn le blianta anuas. Thit praghsanna go tobann agus mhéadaigh an glacadh go gasta. Cé go raibh ráta dul i bhfeidhm chomhlán fós ag Éirinn a bhí níos ísle ná tíortha forbartha eile bhí an ráta fáis sin níos airde ná an chuid is mó de na tíortha comparáideacha eile agus léiríodh go raibh an bhearna idir Éirinn agus a thíortha piara ag druid.

**GLACADH LEATHANBHANDA TRÍ ARDÁN**
**mar a bhí ar Meitheamh 2006**

| Ardán | Rannpháirtithe 01/07/05 | Rannpháirtithe 30/06/06 | Fás Bliantúil |
|---|---|---|---|
| DSL | 143,000 | 275,000 | 92% |
| Cábla | 15,000 | 40,000 | 167% |
| FWA | 18,000 | 53,000 | 192% |
| Eile | 2,000 | 4,000 | 196% |
| Iomlán | 178,000 | 372,000 | 109% |

## Praghsáil


D'fhás an margadh Leathanbhanda go han-ghasta le linn na bliana, rud a thug níos mó roghanna do thomhaltóirí. Tharla difreáil mhéadaithe de bharr na hiomaíochta seo le roinnt mhaith de chuideachtaí ag laghdú a bpraghsanna trí bheartáin cosúil le BT agus a thairiscint Leathanbhanda €45, glaonna agus cíos líne agus na soláthróirí cumarsáide gan sreang ag tairiscint seirbhíse ag €20 agus Eircom ag dubáilt toilleadh a thairisceana go dtí 1mb.

## Teicneolaíocht

Ní ionann agus a lán suíomh idirnáisiúnta eile cosúil leis an RA, SAM, an Ísiltír agus an Bheilg, tá ról measartha beag glactha ag an earnáil chábla sa mhargadh Leathanbhanda go dtí seo. Mar sin féin, trí thionscnaimh a ghlac ComReg bhí Éire ábalta í féin a chur i staid cheannasach i dtaobh imscartha Leathanbhanda gan sreang. Tá scair níos mó den mhargadh in Éirinn ag Leathanbhanda gan sreang ná atá ag a lán de thíortha Eorpacha eile, agus mar thoradh air seo tá a lán cuideachtaí nuálaíocha ag dul isteach sa mhargadh.

Is laige struchtúrtha suntasach é an laige coibhneasta ar an earnáil chábla go dtí seo sa mhargadh cumarsáide agus tá sé ar cheann de na fachtóirí is mó a spreagann ComReg agus é ag lorg próiseas éifeachtach iomaíoch do Dhíchuachadh na Lúibe Logánta in Éirinn.

**Línte LLU Meitheamh 2005 - Meitheamh 2006**



### Infhaighteacht

Ag deireadh na tréimhse, shainaithin Eircom 85% de línte nasctha le malartáin Leathanbhanda-chumasaithe. Astu seo, áfach, ní fhéadfadh le 10% de línte a bheith Leathanbhanda-chumasaithe de bharr deacrachtaí teicneolaíochta nó de bharr lúba fada, a laghdaigh infhaighteacht éifeachtach go dtí thart ar 75% go 80%. Mar sin féin, bhí a lán de na líonta tí nach raibh Leathanbhanda-chumasaithe ábalta Leathanbhanda gan sreang nó Leathanbhanda cábla a fháil. Ar deireadh, bhí beagnach gach líon tí ábalta Leathanbhanda a úsáid trí shatailít cé go raibh saincheisteanna costais agus neamhfhollais ag baint leis an gcineál seo den Leathanbhanda.

### Ceisteanna rialála

Tá bainteacht ComReg le Leathanbhanda faoina chreat rialála dírithe go mór ar an leibhéal mórdhíola a bhfuil sé mar shainordú aige iomaíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn ann. Is iad príomhoibleagáid rialála Eircom ná rochtain dhíchuachta a thairiscint dá lúba logánta agus leagan mórdhíola dá earra DSL a thairiscint. Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh ar Bitsream nó miondíoltóireacht earraí mórdhíola Eircom. Maidir le cuideachtaí a bhí ag iarraidh a bheith nuálaíoch agus rogha agus solúbacht thart ar Leathanbhanda a sholáthar do thomhaltóirí, áfach, lean Díchuachadh na Lúibe Logónta de bheith deacair, neamhéifeachtach agus níor chuir sé an cineál d'eispéireas a bhí de dhíth ar thomhaltóirí nó a raibh siad ag súil leis ar fáil dóibh.

### DÍCHUACHADH NA LÚIBE LOGÁNTA

Príomhearra mórdhíola is ea Díchuachadh Lúibe na Logánta (LLU) a dearadh go príomha lena chur ar a gcumas d'oibreoirí earraí mórdhíola Leathanbhanda agus earraí díchuachta/teileafónaíochta Leathanbhanda a chur ar fáil le dul san iomaíocht leis na cinn a sholáthraíonn Eircom thar an ngréasán rochtana copair. Meastar go bhfuil infhaighteacht LLU ina phríomhchatalaíoch maidir le dul i bhfeidhm Leathanbhanda a spreagadh i raon tíortha lena n-áirítear an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe. Maidir le tomhaltóirí, tugann LLU níos mó de rogha i dtéarmaí seirbhísí agus soláthraithe seirbhísí toisc go gcuireann sé ar chumas oibreoirí a bheith nuálaíoch i dtéarmaí dhearadh an earra agus an phraghsáil a bhaineann leis. Cuireann sé seo le margadh Leathanbhanda níos iomaíche a fhorbairt agus mar sin de is féidir leis cur go leor le glacadh tomhaltóirí ar Leathanbhanda a threisiú. Is léir go bhfuil sé chun tairbhe an náisiúin an dá chuspóir seo a bhaint amach agus go bhfuil sé seo ríthábhachtach má tá Éire lena stádas mar phríomhgheilleagar fáis a choinneáil.

### Suim in LLU mar fhéidearthacht tráchtála

Ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2004, chuir Cuardaitheoirí Rochtana LLU Cáipéis de Riachtanais Mhargaidh faoi bhráid Eircom a shonraigh a riachtanais ó Eircom maidir le soláthar LLU. Ar 18 Eanáir, 2005 d'eisigh ComReg Fógra Cinnidh D1/05 a threoraigh Eircom dul i dteagmháil le cuardaitheoirí rochtana sa tionscal le príomhcheisteanna a bhaineann le LLU a chur chun cinn agus go ndéanfaí an Cháipéis de Riachtanais Mhargaidh (MRD) a úsáid le freagairt ar iarratais na gcuardaitheoirí rochtana maidir le rochtain a fháil ar an lúb logánta.

Lean ComReg D1/05 le treoir eile a chuir an bunordú ar bhonn níos práinní. Rinne Eircom agóid in aghaidh an dara treorach. Ar Iúil 29 thug an Ard-Chúirt a cinneadh.

I ndiaidh an bhreithiúnais seo, d'aistarraing ComReg D1/05 agus d'aontaigh Eircom, maidir lena pháirt féin, a fhreagairt ar na forbairtí úra LLU laistigh de ráiteas riachtanas na n-oibreoirí a sholáthar do ComReg agus don tionscal faoi 24 Deireadh Fómhair, 2005. Ina dhiaidh sin tionóladh fóram tionscail le plé a dhéanamh ar sholáthar LLU comhuaineach agus iniomparthacht uimhreacha.

Go bunúsach bhí ceithre phríomhréimse ann le haghaidh forbartha LLU: Ba iad sin:

- Iniomparthacht Uimhreacha agus LLU (ar a dtugtar GLUMP)
- Comhaireachtáil de Scair Líne agus de Chíos Líne Mórdhíola
- Fadhbanna leanúnacha maidir le seachadadh a bhaineann leis an earra LLU atá ann.
- Teaglaimí &Ascnamh Earraí Mórdhíola

# Iomaíocht AR LEAN

### Ceart Tomhaltóirí an uimhir ghúthain atá acu a choinneáil nuair a aistríonn siad go dtí oibreoir eile GLUMP)

Rinne ComReg cinneadh le déanaí chomh maith, de réir na dtéarmaí tagartha d'Fhóram Tionscail GLUMP, a bhaineann próiseas ar a dtugtar 'Cosaint Mhiondíola' ar shiúl ón gcur síos earra do GLUMP a bhí molta ag Eircom.

Aontaíodh nach raibh réiteach tosaigh GLUMP ach eatramhach freisin agus go raibh gá lena uasghrádú go dtí réiteach nach raibh an oiread céanna idirghabhála láimhe de dhíth air agus nach raibh próiseas chomh casta ag baint leis.

### ROCHTAIN MHÓRDHÍOLA LEATHANBHANDA

Tá sí d'oibleagáid ar Eircom coibhéis mhórdhíola dá earra míondíola Leathanbhanda a thairiscint. Gearradh an oibleagáid seo ar 24 Feabhra, 2005 ar dtús de dhroim Cháipéis 05/11r ComReg a chinn go raibh cumhacht shuntasach mhargaidh ag Eircom sa mhargadh do Rochtain Mhórdhíola Leathanbhanda. Mar chuid den chinneadh sin ghearr ComReg rialú phraghsanna eatramhacha, ar feitheamh athbhreithnithe eile ar na ceisteanna, ar a raibh sí d'oibleagáid a earraí mórdhíola a phraghsáil ag costas a phraghais mhiondíola choibhéise lúide suim sheasta airgeadaíochta. Rinne Eircom agóid in aghaidh na gné seo de chinneadh ComREg.

I mí Eanáir 2006 d'eisigh ComReg treoir úr do Eircom maidir leis an gceist seo a leasaigh oibleagáid na praghsála seo sa mhéid is go bhfuil tairiscint mhórdhíola Eircom praghsáilte anois trí thagairt d'fhoirmle dhifriúil ag a bhfuil gné sheasta agus athraitheach. Rinneadh oibleagáidí fógraí agus foilseacháin praghsanna a leasú chomh maith.

### EARRAÍ MÓRDHÍOLA EILE

**Idirnasc**

I mí Mheithimh 2006, d'fhoilsigh ComReg fógra faisnéise a bhaineann le rátaí tíolacais idirnaisc mhórdhíola a chur i gcríoch don trí bliana airgeadais go dtí Márta 31, 2007. Baineann siad seo leis na muirir ar oibreoirí eile ó Eircom maidir le glaonna a thionscnamh, a chríochnú agus a aistriú ar líonra Eircom. Is é seo an chéad uair ó leagadh síos rátaí tíolacais i margadh na hÉireann gur cuireadh rátaí tíocalais i gcrích roimh dheireadh na bliana airgeadais. Tugann sé seo cinnteacht éigin don tionscal maidir le céatadán suntasach de na costais bhunaidh a bhaineann le seachadadh na nglaonna agus praghsanna míondíola á leagan síos in Éirinn. Leanann rátaí tíolacais gutha Idirnaisc na hÉireann de bheith ar na cinn is ísle san AE fós, agus cuireann sé seo leis an gcostas measartha íseal ar ghlaonna ag leibhéal miondíola in Éirinn.

Tá ComReg ag breathnú ar an iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe teicneolaíochta cosúil leis an tabhairt isteach féideartha de Líonraí don Chéad Ghlúin Eile lena chinntiú go mbeidh athruithe ar bith follasach don tionscal agus go ndéantar iad a sheachadadh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach ina leanfaidh siad ag titim laistigh de mhargaí rialaithe.

## COMHLÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ

### Comhlíonadh agus forfheidhmiú Rialachán Teileachumarsáide

Baineann Comhlíonadh Telecom le himscrúdú agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí a chuireann na rialacháin teileachumarsáide go díreach ar oibreoirí, agus oibleagáidí a chuirtear mar gheall ar threoracha ComReg, don chuid is mó i ndiaidh oibreoirí le Cumhacht Shuntasach Margaidh a ainmniú.

Rinneadh gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe ComReg a dháileadh ar fud na heagraíochta ar feadh bhunús na tréimhse ó Iúil 05 – Meitheamh 06. Faoin socrú seo, ghlac Rannáin ComReg, a bhí freagrach as gach réimse margaidh laistigh d'earnáil na teileachumarsáide, freagracht as comhlíonadh agus forfheidhmiú na rialachán a bhaineann lena réimse sainchúraim.

Mar chuid d'athbhreithniú inmheánach ar ghníomhaíochtaí comhlíonta ComReg, cuireadh tús le monatóireacht láraithe ar an ngníomhaíocht chomhlíonta i mí Eanáir 2006 agus bunaíodh comhlíonadh teileachumarsáide mar fheidhm ar leithligh ag tarraingt ar dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

Sa tréimhse ó Eanáir go dtí Meitheamh, cuireadh cúig imscrúdú comhlíonta as 14 i gcrích agus foilsíodh fógra amháin de neamhchomhlíonadh. Leanadh leis an gcuid eile sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

### Móibíleach

I mí Dheireadh Fómhair 2005, d'fhógair ComReg cur i bhfeidhm roinnt leigheasanna ar oibreoirí móibíleacha ag a raibh ceannasacht sa mhargadh do ghlaonna a críochnaíodh ar a líonraí féin. Rinne ComReg fógairt eile in Eanáir 2006 gur aontaíodh laghdaithe ar ráta críochnaithe maidir le hoibreoirí móibíleacha Vodafone, O2 agus Meteor. I mí Mheán Fómhair 2005, d'fhógair ComReg gur chuir trí oibreoir isteach ar an gceadúnas 3G a bhí fágtha. Ba iad sin Eircom, Meteor agus Smart Mobile. Ar 16 Samhain rinneadh an ceadúnas a thairiscint do Smart Mobile agus aistarraingíodh tairiscint an cheadúnais i mí Feabhra 2006. Rinne Smart agóid in aghaidh an chinnidh seo san Ard-Chúirt. Sheas an Chúirt le cinneadh ComReg ar 31 Deireadh Fómhair, 2006. Rinneadh an ceadúnas a thairiscint do Eircom ó shin agus ghlac Eircom leis.



# Nuálaíocht agus Bainistíocht Speictrim

Acmhainn riachtanach is ea an speictream raidió-mhinicíochta maidir lena lán de na hearnálacha criticiúla a chuireann taca faoi gheilleagar nua-aimseartha na hÉireann. Cuimsíonn sé seo na hearnálacha teileachumarsáide, craoltóireachta, iompair agus fóillíochta. Tá éileamh i gcónaí ar speictream raidió maidir le feabhas a chur ar fheidhmiúlacht agus úsáid a lán de na hearraí tomhaltóirí a mbímid ag brath orthu gach lá agus a úsáidaimid sa bhaile, san oifig agus go mór anois agus sinn ag gluaiseacht. Tá agus beidh luas na nuálaíochta teicneolaíochta ag cur leis an éileamh ar an speictream agus beidh sé ríthábhachtach go ndéanfar é a leithdháileadh agus a imscaradh go héifeachtach.

Is faoi fhreagracht ComReg atá bainistíocht acmhainn an speictrim raidió faoi Alt 10 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 agus tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí faoi Alt 12 den Acht sin go gcaithfidh ComReg bainistiú agus úsáid éifeachtach den speictream raidió-mhinicíochta a chinntiú.

## Straitéis Bainistíochta an Speictrim Raidió do 2005 - 2007.

Is acmhainn fhinideach nádúrtha ríthábhachtach é an speictream raidió a chuireann bealach ar fáil le closábhar, físábhar agus ábhar faisnéise eile a iompar thar achair a bhíonn ó chúpla méadar go dtí na mílte cileaméadar. Tá speictream raidió riachtanach le haghaidh soláthair de chumarsáid mhóibíleach agus le haghaidh glactha gan sreang de sheirbhísí craoltóireachta a sholáthar. Tá sé riachtanach d'fheidhmiú sábháilte iompar aeir agus mara, úsáideann na fórsaí cosanta agus seirbhísí cosanta go mór é agus tacaíonn sé le feidhmiúcháin tábhachtacha eolaíochta cosúil le meitéareolaíocht agus radairéalteolaíocht. Mar chuid dá fhreagracht as bainistiú agus úsáid éifeachtach an speictrim raidió-mhinicíochta, d'fhoilsigh ComReg an dara cáipéis ar Straitéis an Speictrim Raidió i mí Mheán Fómhair 2005 (Cáipéis ComReg 05/72). Cuireann an foilseachán síos ar straitéis ComReg maidir le húsáid an speictrim raidió in Éirinn a bhainistiú go dtí 2007.

Tá sé beartaithe ag straitéis speictrim ComReg a chinntiú go mbeidh Éire ábalta na sochair is mó a bhaint as úsáid an speictrim radió go heacnamaíoch, go straitéiseach agus i gcomhthéacs sóisialta níos leithne. Mar chuid den fhorbairt straitéise s'acu, choimisiúnaigh ComReg taighde d'fhonn an méid a chuireann úsáid an speictrim raidió le geilleagar na hÉireann a fháil amach. Mheas an taighde gurbh ionann an méid a cuireadh leis an ngeilleagar agus beagnach €2 Billiún do 2003, cothrom le 1.4% den OTI iomlán. Measadh líon na bhfostaithe a bhfuil a bpoist ag brath ar úsáid an speictrim raidió, ar an gcuid is lú de, a bheith os cionn 24,000.

Díríonn straitéis speictrim leathain ComReg ar cheithre phríomhchuspóir. Is iad sin:

(i) Rochtain ar an speictream raidió a éascú, go háirithe do theicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálaíocha;
(ii) Na sochair eacnamaíocha agus sóisialta a eascraíonn as úsáid an speictrim raidió a uasmhéadú;
(iii) Úsáid éifeachtach d'acmhainní speictrim raidió atá gann a chur chun cinn; agus
(iv) Comhlíonadh le riachtanais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chinntiú agus trasnaíocht dhochrach a sheachaint.

Leagadh síos roinnt spriocanna faoi leith do gach ceann de na cuspóirí seo agus sainaithníodh gníomhartha faoi leith sa cháipéis straitéise le haghaidh catagóirí éagsúla d'úsáid an speictrim.

## Seirbhísí Sonraí Móibíleacha Digiteacha Leathanbhanda sna bandaí 420 MHz agus 900 MHz

Is príomhchuspóir náisiúnta é an Leathanbhanda a bheith infhaighte chun tacú le seirbhísí sonraí a chur ar fáil don phobal. Tá ComReg tiomanta le gach féidearthacht a thriail lena chinntiú go mbaintear an cuspóir seo amach agus tá roinnt tionscnamh tugtha isteach aige cheana lena n-áirítear ceadúnais achair logánta rochtana fostaithe gan sreang agus náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí Leathanbhanda do os cionn 53,000 tomhaltóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo. Tá fás an ghlactha sna seirbhísí seo ag leanúint ar aghaidh agus tá ComReg ag iarraidh níos mó iomaíochta fós a chur chun cinn sa réimse seo agus Éire a choinneáil ina lárionad maidir le forbairt agus úsáid na teicneolaíochta gan sreang.

I mí Mheán Fómhair 2005 lainseáil an Coimisiún an chéad cheant riamh le haghaidh an speictrim raidió in Éirinn (Cáipéis ComReg 05/79). Ar 21 Nollaig 2005, i ndiaidh ceant tairisceana aonair, thug ComReg ceadúnú do thriúir iarrthóirí le seirbhísí sonraí Móibíleacha Digiteacha Leathanbhanda a sholáthar sna bandaí 420 MHz agus 900 MHz ar bhonn náisiúnta. Fuarthas ocht n-iarratas ar an dá cheadúnas ag 400 MHz a cuireadh ar ceant do €110,000 agus €215,007 faoi seach agus chuir dhá iarrthóir isteach ar an gceadúnas ag 900 MHz a fuarthas do €177,000.

Aithníonn ComReg luach na gceantanna speictrim agus tá sé de rún aige leanúint leis an modh seo le speictream a dhámhadh nuair is cuí.

### Comórtas do Cheadúnas Teileachumarsáide 3G Móibíleach

Le linn na tréimhse athbhreithnithe seo, fuair ComReg léiriú foirmiúil suime maidir leis an gceadúnas 3G 'B' a bhí fágtha, agus a bhí amuigh ó bhí an comórtas deireanach ann in 2001/2002. Éilíonn an ceadúnas B ceadúnaí a sholáthróidh mar íoschlúdach den chúig mhórchathair (53%) agus coinníollacha íos-rolladh amach ábhairín níos moille i gcomparáid le ceadúnas A. De réir riachtanais na Rialachán Údaraithe maidir le neamhidirdhealaitheacht, oscailteacht agus trédhearcacht, thug ComReg cuireadh do thuilleadh léirithe suime leis an 3ú ceadúnas 'B' a fháil agus chuir trí chuideachta Eircom, Meteor Mobile Communications agus Smart Mobile Ltd iarratais isteach faoin dáta deiridh i mí Mheán Fómhair 2005. Rinne ComReg luacháil chomparáideach de réir na nósanna imeachta a leagtar amach i gcáipéisí na tairisceana agus i mí na Samhna 2005, rinneadh an ceadúnas 3G 'B' a thairiscint do Smart Mobile Ltd, mar an t-iarratas ba mhó a grádaíodh, faoi réir comhlíonta le roinnt coinníollacha. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo bhí an cheist faoi agóid dhlíthiúil. I ndiaidh tamaill, rinneadh an cheist seo a réiteach i bhfabhar ComReg.

### Comhdháil Réigiúnach Radachumarsáide (RRC-06)

Tá an úsáid de mhinicíochtaí le haghaidh craoltóireacht teilifíse analóige trastíre san Eoraip pleanáilte go rathúil thart ar phlean ar shannadh minicíochtaí aontaithe a cuireadh i gcríoch trí bliana agus daichead ó shin (Comhaontú Stócólm 1961, mar a deirtear le). D'fhonn an plean a nuashonrú le hardáin seachadta digiteacha nua-aimseartha a chur san áireamh thionóil an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) Comhdháil Réigiúnach Radachumarsáide (RRC) ina raibh 119 tír ón Eoraip, ón Afraic, ón Meánoirthear agus ón Iaráin, chomh maith le Cónaidhm na Rúise agus cuid de na tíortha máguaird páirteach.

I ndiaidh an chéad seisiún i 2004 inar forbraíodh creat an phleana agus inar aontaíodh clár d'obair idirseisiúnach, tionóladh an dara seisiún thar thréimhse cúig seachtaine i mí na Bealtaine agus i mí Mheithimh 2006 maidir le plean cuimsitheach minicíochta agus rialacha a bhaineann leo a aontú le haghaidh craoltóireacht dhigiteach a thabhairt isteach. Bhí pháirt chuimsitheach ag ComReg, mar chuid de thoscaireacht na hÉireann sa phróiseas, lena n-áirítear a bheith mar chathaoirleach ar chomhdháil bhainteach maidir le Comhaontú Stócólm 1961 a leasú. Bhí an toradh an-sásúil ó pheirspictíocht na hÉireann de agus cuireadh bunsraith dhaingean ar bun don chraoltóireacht dhigiteach amach anseo in Éirinn.

### Dámhachtain Speictrim na hÉireann

Cuireann an teorainn idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann saincheisteanna teileachumarsáide agus speictrim chun cinn do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. I mí Aibreáin 2004, bhuail Coimisinéirí ComReg John Doherty agus Isolde Goggin le príomhfheidhmeannach Ofcom, contrapháirt RA ComReg, agus í d'aidhm acu réitigh a lorg a bheadh faoi thiomáint an mhargaidh agus ar mhaithe le saoránaigh agus tomhaltóirí sa dá dhlínse. Mar thoradh air seo, lainseáil ComReg agus Ofcom comhairliúchán poiblí i mí na Nollag 2005 le tuairimí a fháil ar dhámhachtain na gceadúnas speictrim ar bhealach a bheadh á thiomáint ag an mhargadh agus ar bhealach comhordaithe ar fud oileán iomlán na hÉireann. Tairgeann na moltaí a leagtar amach sa chomhairliúchán (Cáipéis ComReg 05/93), an acmhainneacht le seirbhísí cumarsáide leictreonaí bunaithe gan sreang a chruthú agus a fhorbairt ar fud oileán na hÉireann.

Toisc gur Stáit ar leithligh iad Éire agus an RA a fheidhmíonn faoi chreataí dlíthiúla faoi leith, ní féidir le ceachtar riarachán ceadúnas ag a bhfuil éifeacht allchríche a dhámhachtain. Dá bhrí sin, mhol ComReg agus Ofcom comórtais ar leithligh ach dlúthnasctha a fhorbairt a bheadh á reáchtáil faoi chreat dlíthiúil gach Stáit, ach a léireoidh an comhchuspóir maidir le húsáid optamach an speictrim raidió ar mhaithe le saoránaigh agus tomhaltóirí ar fud Éireann agus Thuaisceart Éireann.

Tá an moladh le 20 MHz de speictream sa bhanda 1785-1805 MHz ag a bhfuil na tréithe forleathantais uile atá foirfe do sheirbhísí móibíleacha, craoltóireachta, FWA agus seirbhísí eile dá leithéid a chur ar ceant.

Tá obair mhór i gceist le cur chuige comhordaithe, moladh, freagairt agus próiseas ceantála a bhaint amach ach is féidir a lán bhuntáistí a fháil as. Táthar ag súil leis an bhfreagra ar an gcomhairliúchán sa chéad tréimhse tuairiscithe eile a bheidh ag tarlú ag an am céanna le lainseáil an phróisis um dhámhachtain speictrim.

# Nuálaíocht agus Bainistíocht Speictrim AR LEAN

### Ceant Speictrim 26 GHz

I ndiaidh tús a chur le comhairliúchán poiblí ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe is deireanaí, d'fhoilsigh ComReg a fhreagairt ar an gcomhairliúchán (Cáipéis ComReg 05/84) ar chuíchóiriú an speictrim i mbanda 26 GHz. Ar bhonn na bhfreagairtí a fuarthas chinn ComReg dul ar aghaidh trí mhéid teoranta speictrim sa bhanda don cheadúnú aonair a ainmniú mar fhreagairt ar na hiarratais a fuarthas ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce faoi na rialacháin cheadúnaithe atá ann cheana. Beidh an chuid eile den speictream ar fáil le haghaidh bloc-cheadúnas ar bhonn Náisiúnta.

Is féidir na bloc-cheadúnais Náisiúnta speictrim a dhámhachtain i ndiaidh próiseas ceantála agus beidh cead ag oibreoirí tairiscint a dhéanamh le haghaidh cainéil ilmhinicíochta. Creideann ComReg go mbeidh an cuíchóiriú seo sa speictream i mbanda 26 GHz ábalta níos mó solúbachta a sholáthar sa dóigh inar féidir an banda a úsáid agus go gcuirfidh sé méid suntasach le húsáid éifeachtach an speictrim. Ba chóir go mbeadh seirbhísí feabhsaithe ann do thomhaltóirí mar thoradh ar bhuntáistí na solúbachta feabhsaithe atá á dtairiscint d'oibreoirí.

Cuirfear tús leis an bpróiseas ceantála go han-luath sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

### WAPECS

In 2004, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar an nGrúpa um Polasaí Speictrim Raidió tuairim a thabhairt ar cén chuma a bheadh ar údarú na Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí sa todhchaí. Stiúir foireann bainistíocht speictrim de chuid ComReg grúpa oibre ardleibhéil de chuid an Ghrúpa um Polasaí Speictrim Raidió a shainigh coincheap úr ar a dtugtar WAPECS anois – Polasaí Rochtana gan Sreang do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí.

Úsáidtear an téarma "WAPECS" le haistriú ar shiúl ó leithdháiltí atá sainiúil ó thaobh earnála de go dtí seirbhísí raidió faoina bhfuil an speictream ceaptha lena úsáid faoi láthair a léiriú. Ag úsáid coincheap WAPECS, is féidir teicneolaíochtaí a úsáid le haghaidh na seirbhísí cumarsaide leictreonaí uile a sheachadadh laistigh dá n-inniúlachtaí , ag úsáid bandaí agus líonraí minicíochta cuí, faoi réir ag riachtanais theicniúla cómhaireachtála a rinneadh do gach banda faoi leith.

I ndiaidh an dréacht-tuairim a thabhairt trí chomhairliúchán poiblí fada, tháinig an fhoireann ar chomhaontú le hionadaithe uile Bhallstáit an AE maidir le foclaíocht dheiridh na tuairime arna cuireadh i láthair an Choimisiúin Eorpaigh. Cuireann an tuairim tionchar na coinbhéirseachta san áireamh, sainaithníonn sí srianta a chuirfeadh teorainn ar an gcoincheap agus sainíonn sí na dúshláin atá os comhar rialtóirí ar fud na hEorpa.

Bunaíonn an tuairim roinnt spriocanna fadtéarmacha polasaí chomh maith lena n-áirítear na prionsabail a bhaineann le neodracht teicneolaíochta agus seirbhíse, riachtanas maidir le scéim shoiléir údaraithe agus an gá leis an margadh a bheith in ann an speictream a rochtain go gasta.

Táthar ag súil go nglacfaidh WAPECS ról díreach in imscaradh sochaí na faisnéise trí chóras bainistíochta speictrim níos solúbtha agus níos freagraí a spreagadh.

### DVB Réigiúnach i mBanda UHF

Tá a fhios ag ComReg go bhfuil aistrithe méadaithe ag tarlú ar fud na hEorpa i dtreo na teicneolaíochta digití sa chraoltóireacht, go háirithe sa teilifís agus go bhfuil an díospóireacht ag leanúint ar aghaidh ag leibhéal Eorpach maidir leis na seirbhísí teilifíse analóige trastíre a lascadh as. Tairgeann teicneolaíocht dhigiteach seirbhísí breise, cáilíocht pictiúir agus fuaime níos fearr, agus b'fhéidir, infhaighteacht seirbhísí craoltóireachta, teileafónaíochta agus sonraí coinbhéirsithe ag úsáid gairis aonair.

Tá sí de thuairim ag ComReg go mb'fhéidir go mbeidh deis ann faoin am seo maidir le hiomaíochas a chur chun cinn i seachadadh teilifíse digití trí cheadúnais a chur ar fáil do sheirbhísí trastíre ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach. Lena chois sin, meastar go bhfuil sé cuí éascaíocht a dhéanamh do sheirbhísí teilifíse, teileafónaíochta agus sonraí coinbhéirsithe ar ghairis láimhe

I mí na Nollag 2005 (Cáipéis ComReg 05/96) chuaigh an Coimisiún i gcomhchomhairle ar mholadh le scéim cheadúnaithe a thabhairt isteach do sheirbhísí áitiúla agus réigiúnacha agus ar scála níos leithne b'fhéidir de ghairis láimhe. Lorg sé tuairimí fosta faoi ar cheart caighdeáin de ghairis láimhe seachas DVB-H a cheadúnú sa todhchaí. Lena chois sin ghlaoigh an comhairliúchán do léirithe suime i soláthar seirbhísí faoi scéim ar bith a thiocfadh as an bpróiseas comhairliúcháin.

Déanfar toradh an chomhairliúcháin seo a thuairisciú sa chéad tréimhse eile.

### Rochtain Fhostaithe gan Sreang le haghaidh Seirbhísí Leathanbhanda

Ina thacaíocht leanúnach maidir le cinneadh an Rialtais rochtain Leathanbhanda a chur ar aghaidh, chuir ComReg speictream breise ar fáil ag 10.5 GHz do sholáthar seirbhísí do Rochtain Fhostaithe gan Sreang Leathanbhanda achair logánta. Tá a fhios ag ComReg go bhfuil cúngach tarlaithe i roinnt ceantar uirbeach de bharr rath an tionscnaimh seo, agus tá ComReg ag déanamh athbhreithnithe ar a roghanna ar cén dóigh le tuilleadh speictrim a scaoileadh ag 3.5 GHz agus déanfar é seo a thuairisciú sa chéad tréimhse eile.

### Scéim Cheadúnas um Thástáil agus Triail ComReg

Tionsnamh ComReg is ea an scéim cheadúnaithe um thástáil agus triail a chuireann ar chumas nuálaithe tástálacha allamuigh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus seirbhísí gan sreang nach bhféadfaí a dhéanamh ar chuma eile faoi ghnáthghnáthaimh bhainistíochta speictrim eile. Éascaíonn sé córais úra a fhorbairt nach bhfuil go hiomlán caighdeánaithe go fóill, ag tabhairt buntáiste do chuideachtaí in Éirinn thar iomaitheoirí idirnáisiúnta. Lena chois sin éascaíonn sé tástáil agus déantúsaíocht na gcóras atá le himscaradh i margaí coigcríche, ina bhféadfadh caighdeáin agus rialacháin dhifriúla a bheith i bhfeidhm.

Tá an scéim cheadúnaithe tástála i bhfeidhm ó bhí 2002 ann agus tá sé curtha ar a gcumas do roinnt mhaith eagraíochtaí trealamh úr raidió a thástáil agus a fhorbairt lena n-áirítear déantóirí idirnáisiúnta trealaimh cosúil le Ericsson (GSM agus 3G) agus Intel (WiMax).

Tugadh an scéim cheadúnaithe trialach isteach in 2005 mar fhreagairt ar an ngá méadaithe ón tionscal le bheith ábalta aiseolas tomhaltóirí a fháil ar sheirbhísí gan sreang i dtimpeallacht trialach beo sula lainseálfadh iad. Úsáideann na hoibreoirí móibíleacha (O2 agus 3) an scéim faoi láthair le teilifís mhóibíleacha a thriail agus úsáideann RTÉ í le teilifís dhigiteach agus Raidió digiteach (T-DAB, DRM) a thriail.

Tugann flúirse réasúnta na hÉireann de speictrim neamhchúnga deis do ComReg a ndícheall a dhéanamh freastal ar iarratais maidir le bandaí minicíochta nach n-úsáidtear faoi láthair i suíomh faoi leith do cheadúnais tástála, lena n-áirítear páirteanna do na bandaí móibíleacha agus craoltóireachta. Is í staid gheografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús íseal daonra na príomhbhuntáistí nádúrtha a chuireann ar chumas ComReg an scéim seo a chur chun cinn, mar nach bhfuil an chosúlacht ann go gcuirfeadh ceadúnais tástála isteach ar úsáideoirí atá ann cheana nó ar thíortha máguaird.


### Sonraí faoin Scéim Ceadúnaithe um Thástáil agus Triail

D’eisigh ComReg 29 ceadúnas tástála agus 12 ceadúnas trialach. Eisíodh iad seo i roinnt réimsí lena n-áirítear 3G,WiMax, Oll-Leathanbhanda, Bogearraí Sainithe agus Raidió Cognaíoch, Rochtana Speictrim Dhinimiciúil, feidhmiúcháin leighis agus Craoltóireacht Mhóibíleach.

# Nuálaíocht agus Bainistíocht Speictrim AR LEAN

Taispeánann an tábla thíos mionsonraí de chuid de na Ceadúnais a d'eisigh ComReg.

| Eagraíocht | Cur síos ar an tseirbhís raidió |
|---|---|
| Altobridge | Tástáil Réitigh GSM |
| Digiweb Ltd. | IP i leith Réiteach bunaithe ar TDM (23GHz) |
| e2v Technologies Ltd. | Tástáil ar Threalamh ÍomhánnaTeirmeacha |
| Guidant Corporation | Ceadúnas Tástála d'Ionchlannáin Leighis (banda 900MHz ) |
| Hutchison 3G Ireland Ltd. | Triail DVB-H |
| IBM RFID & Wireless Centre T/A | Ceadúnas Tástála do RFID |
| International Business Machines | Ceadúnas Tástála do UWB |
| Intel Ireland Ltd. | Tástáil Inniúlachta WiMax |
| Imagine Communications | WiMax Tástáil Táirgí |
| LM Ericsson Limited | Tástáil forbartha comhoibrithe do theicneolaíochtaí GSM and WCDMA |
| O2 Communications Ltd. | Tástáil FWA, Triail DVB-H |
| PCTEL Antenna Products Group Inc | Tástálacha Aeróga, 400MHz go 2500MHz<br>Triail T-DAB (Triail phríobháideach; Tréimhse theoranta) |
| RTE Transmission Network Ltd | Triail DTT<br>Tástáil DVB-H |
| Tango Telecom<br>(ardtáirgí luchtaithe agus teachtaireachtaí) | Tástáil Réitigh GSM |
| Tyco Safety Products (Sensormatic) | Tástáil Táirgí UHF (865 - 868MHz) |
| Coláiste na Tríonóide, Lárionad um Thaighde ar an Slabhra Luacha Teileachumarsáide (CTVR) | Tástáil ar raidió ath-inchumraithe bunaithe ar bhogearraí agus teicníochtaí bainistíochta an speictrim dhinimiciúil. |
| Coláiste na Tríonóide, An Lárionad um Thaighde ar an Slabhra Luacha Teileachumarsáide | raidió cognaíoch, líonraí cognaíocha agus teicníochtaí rochtana an speictrim dhinimiciúil |
| Scoil Ríomheolaíochta agus Faisnéisíochta, Coláiste na hOllscoile, BÁC | Luacháil um Chóras Rianaithe Suíomh UWB |
| Ollscoil Bhail Átha Cliath (TCD) | Ceadúnas Tástála do UWB |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | Rannphairtíocht i dTionscadal 'Daidalos' (FP6 IST) an AE |
| Wireless Projects Ireland Ltd. | Tástáil Teicneolaíocht Wi-Fiber |



## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AMACH ANSEO

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ AMACH ANSEO

Déanann Clár ComReg um Amharc chun na Todhchaí monatóireacht ar nuálaíochtaí teicneolaíochta agus margaidh a tharlaíonn san earnáil teileachumarsáide agus breathnaíonn sé ar an iarmhairt a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt mhargaidh in Éirinn. Scrúdaíonn an clár na ceisteanna féideartha a eascródh sa dóigh is go mbeimid in ann measúnú agus pleanáil a dhéanamh ar an dóigh ar chóir dár mbearta rialála forbairt amach anseo, d'fhonn nuálaíocht a éascú agus d'fhonn cuidiú le hearnáil teileachumarsáide na hÉireann a fhorbairt.

### PAINÉAL STIÚRTHA AN CHLÁIR UM AMHARC CHUN NA TODHCHAÍ

Tionólann ComReg painéal de chomhairleoirí ar leibhéal sinsearach le cuidiú agus cabhair a thabhairt don Chlár um Amharc chun na Todhchaí. Tagann an painéal le chéile i dtimpeallacht cheardlainne dhá uair nó trí huaire sa bhliain le hathbhreithniú a dhéanamh ar obair atá á déanamh faoin gclár agus le cuidiú a thabhairt lena forbairt, le topaicí úra atá le plé a shainaithint, agus le haird a tharraingt ar cheisteanna féideartha úra. Déanann ComReg cathaoirleacht ar na ceardlanna. Bhí trí chruinniú ann le linn na bliana; i mí Dheireadh Fómhair 2005 i gCorcaigh agus i mí Mhárta agus Mheithimh 2006 i mBaile Átha Cliath. Leathnaíodh ballraíocht an phainéil i mbliana le saineolaithe sna réimsí feidhmiúchán agus seirbhísí a chuimsiú.

### Cruinnithe Déthaobhacha leis an Tionscal

Mar chuid de phróiseas an Ráitis Straitéise 05/07 bhuail ComReg le geallsealbhóirí ar bhonn déthaobhach le plé a dhéanamh ar fhorbairtí sa todhchaí agus straitéis ComReg i bhformáid oscailte. Chuathas chun cainte le raon leathan de gheallsealbhóirí lena n-áirítear oibreoirí, soláthróirí seirbhíse, déantúsóirí, ionadaithe úsáideoirí agus comhlachtaí tionscail. Glacadh ionchur as na cruinnithe seo agus cuireadh isteach i bpróiseas an ráitis straitéise agus clár oibre ComReg é. D'úsáideadh comhairliúchán (Cáipéis ComReg 05/30) 'Athbhreithniú Straitéiseach um Amharc chun na Todhchaí ar Earnáil Teileachumarsáide na hÉireann' mar an bpríomhphointe plé agus cuireadh tús le cainteanna úsáideacha i réimsí na líonraí don chéad ghlúin eile agus treochtaí sa todhchaí. Tugadh cuireadh do gheallsealbhóirí le tráchtanna a dhéanamh ar na treochtaí a bhí ag eascairt chomh maith leis an ról rialaithe san earnáil amach anseo.

### An Clár um Thomhas d'Astuithe Raidíochta Neamh-Ianaíoch

Tá ról suntasach glactha ag úsáid na teicneolaíochta raidió agus leanfaidh sé de ról suntasach a ghlacadh i bhforbairt agus fás gheilleagar na hÉireann. Tá cur chun cinn i dteicneolaíocht raidió móibíleach agus an áisiúlacht a chuireann siad ar fáil don lucht gnó agus tomhaltóirí araon doiciméadaithe go maith. I mí Mheithimh 2006 bhí 4.4 milliún rannpháirtí do sheirbhísí móibíleacha 2G agus 3G. Tá úsáid na dteachtaireachtaí SMS, a bhí ina réimse do dhaoine óga tráth, á glacadh níos mó agus níos mó ag gach aoisghrúpa anois, agus léiríonn na teicneolaíochtaí is déanaí cosúil le GPRS agus 3G, lena réimse feidhmiúchán atá úr suimiúil, go mbeidh tuilleadh fáis ag teacht amach anseo in earnáil na cumarsáide móibílí.

De bharr an fháis agus na forbartha seo tá an pobal eolach ar na buntáistí dearfacha ar féidir le teicneolaíocht raidió móibíleach a thabhairt do dhaoine aonair, don tionscal agus don tráchtáil. D'fhonn an dul chun cinn seo a choinneáil ar an leibhéal seo tá gá le hinfheistíocht leanúnach i mbonneagar an líonra teileachumarsáide. Éilítear ar gach oibreoir ceadúnaithe de sheirbhísí teileachumarsáide, mar choinníoll a gceadúnais, cloí leis na treoirlínte idirnáisiúnta maidir le nochtadh ginearálta ar réimsí leictreamaighnéadacha.

Foilsíonn an Coimisiún tuarascálacha iniúchta ar chomhlíonadh oibreoirí le teorainneacha astuithe do ráidíocht neamhianaíoch. Dhírigh gach iniúchadh ar comhlíonadh leis na teorainneacha ginearálta nochta atá sonraithe sna treoirlínte arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Raidíocht Neamh-Ianaíoch (ICNIRP). Ar bhunsraith na hoibre a rinneadh i ngach ceann de na hiniúchtaí bhíothas ábalta a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta agus próisis i bhfeidhm ag na cuideachtaí go léir ar a rinneadh iniúchadh maidir le comhlíonadh a chinntiú leis na teorainneacha ginearálta nochta idirnáisiúnta seo.

I mí Mheán Fómhair 2004, d'fhoilsigh ComReg a cheathrú tuarascáil eatramach (Cáipéis ComReg 04/97) a chlúdaigh 10 láithreán, lena n-áirítear daichead láithreán a úsáidtear le haghaidh roinnt córas raidió. Cinneann an tuarascáil, ar bhonn an iniúchta a rinneadh, go bhfuil na leibhéil de raidíocht neamhianaíoch ag na láithreáin go léir giota maith níos ísle ná leibhéil treoirlíne ICNIRP.

Ag leanúint ar aghaidh ón obair roimhe sin maidir le leibhéil radaíochta neamhianaíche a thomhas ag suas le 400 láithreán aeróige ar fud na tíre, cuireadh tús le clár eile i mí na Samhna 2005. Is é cuspóir an chláir seo ná suirbhé a dhéanamh ar astuithe ó 80 láithreán eile thar thréimhse dhá mhí dhéag. Tá an suirbhé ag dul ar aghaidh fós agus déanfar na tuarascálacha iniúchta a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin de réir mar a bheidh siad ar fáil. Arís, léiríonn torthaí na dtomhas go raibh na hastuithe as na láithreáin go léir a tástáladh giota maith níos ísle ná na teorainneacha idirnáisiúnta sainithe.

# Tomhaltóirí

Cuimsíonn feidhmeanna agus cuspóirí ComReg, mar a leagtar amach san Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, imscrúdú ar ghearáin maidir le soláthar agus rochtain ar sheirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonaí, agus áiseanna bainteacha agus cur chun cinn suimeanna úsáideoirí. Tá sí mar aidhm ag polasaí tomhaltóirí ComReg suimeanna tomhaltóirí a chosaint, dul i gcion orthu agus iad a chur chun cinn.

Tá na cuspóirí sainiúla a bhaineann le tomhaltóirí leagtha amach i Ráiteas Straitéise Comreg (2005-2007), a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2005, mar a leagtar amach thíos:-

- Leas Tomhaltóirí a Uasmhéadú
  Is í an aidhm ná rogha, praghas agus cáilíocht do thomhaltóirí a chinntiú agus déantar é seo a sheachadadh go ginearálta tríd an gcreat rialála a cuireadh i bhfeidhm le forbairt iomaíochta éifeachtach a éascú.
- Tomhaltóirí a Chosaint
  Is í an aidhm ná bearta a chur i bhfeidhm le tomhaltóirí a chosaint agus iomaíocht a fhorbairt ag an am céanna; baintear é seo amach trí bhearta faoi leith a ghlacadh faoi reachtaíocht chuí (Treoracha AE agus reachtaíocht náisiúnta go príomha).
- Feasacht Tomhaltóirí a Spreagadh
  Is í an aidhm ná eolas a chur ar fáil do thomhaltóirí sa dóigh go mbeidh siad ábalta roghanna eolasacha a dhéanamh sa mhargadh, ag cur le forbairt an mhargaidh dá bharr sin. Baintear é seo amach trí eolas ábhartha a fhoilsiú, agus cumarsáid leanúnach a dhéanamh le grúpaí tomhaltóirí agus a n-ionadaithe

## Leas Tomhaltóirí a Uasmhéadú

### Seirbhís Uilíoch

Is clár ríthábhachtach é maidir le leas tomhaltóirí ná Seirbhís Uilíoch a sholáthar. D'éag an t-ainmniú bunaidh a rinneadh faoin gcreat úr i mí Iúil 2006. I mí Mhárta 2006, lainseáil ComReg próiseas comhairliúcháin chun críche gnóthais a ainmniú don chéad tréimhse eile lena n-áirítear scóip na n-oibleagáidí den chineál sin. Mar chuid den chomhairliúchán sin, d'fhoilsigh ComReg páipéar comhairliúchán 'gnáth-Bhéarla' le húsáideoirí deiridh agus tomhaltóirí a éascú. Tionóladh ceardlann fosta d'ionadaithe daoine le míchumais d'fhonn rannpháirtíocht a spreagadh sa phróiseas. Níor léirigh gnóthas ar bith ach amháin Eircom suim i ngnéithe de Sheirbhís Uilíoch a sholáthar agus rinneadh Eircom a ainmniú mar an Soláthar Seirbhíse Uilíche (USP) arís maidir leis na seirbhísí ábhartha uile ar feadh tréimhse a chríochnóidh i mí Mheithimh 2010.

Faoin ainmniú reatha tá na hoibleagáidí seo a leanas ar Eircom:

### Seirbhísí ag suíomh fostaithe

- D'fhonn iarratas réasúnach ar bith maidir le suíomh fostaithe a shásamh:
  (a) Naisc le líonra teileafón poiblí; agus
  (b) Rochtain ar sheirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí.

Tá sé de cheangal ar USP cloí leis na riachtanais maidir leis an méid thuas arna leagan amach i gCinneadh ComReg D9/05 de 7 Mheán Fómhair, 2005. Áirítear orthu seo go mbeadh feidhm ag an ngnáthmhuirear naisc maidir le naisc a chosnaíonn suas go €7,000 agus socraíodh an ráta sonraí sonraithe le haghaidh rochtain idirlín fheidhmiúil ag 28.8 kbps.

### Seirbhísí Eolaire

(a) lena chinntiú go gcuirtear eolaire cuimsitheach priontáilte de rannpháirtithe ar fáil do gach úsáideoir deiridh saor in aisce, agus go ndéantar é a nuashonrú uair amháin sa bhliain ar a laghad;
(b) le Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (NDD) a choinneáil. Is taifid atá ann seo de na rannpháirithe uile le seirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí sa Stát, nach bhfuil diúltaithe acu a bheith curtha san áireamh, agus a cheadaíonn rochtain ar eolas ar bith atá san NDD chun críocha na seirbhísí eolaire ar théarmaí agus choinníollacha arna faomhadh ag ComReg.

### Teileafóin Phoiblí

(a) lena chinntiú go gcuirtear teileafóin phoiblí ar fáil le freastal ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí deiridh maidir le clúdach geografach, an líon teileafón, inrochtaineacht a leithéid de theileafóin d'úsáideoirí le míchumais agus cáilíocht na seirbhísí;
(b) lena chinntiú gur féidir glaonna éigeandála a dhéanamh ó theileafón poiblí ag úsáid na huimhreach aonair Eorpaí do ghlao éigeandála "112"agus uimhir glao éigeandála naisiúnta ar bith a d'fhéadfadh ComReg a shonrú, saor in aisce i ngach cás agus gan gá le boinn nó cártaí nó modhanna íocaíochta ar bith eile a úsáid;
(c) lena chinntiú go bhfuil rochtain ag úsáideoirí teileafón poiblí ar sheirbhís fiosraithe eolaire;

(d) Nuair is gá, a chinntiú go soláthraíonn na teileafóin phoiblí uile do roinnt modhanna íocaíochta; lena n-áirítear boinn agus/nó cártaí sochair/dochair agus/nó cártaí réamhíoctha, lena n-áirítear cártaí le húsáid le cóid diailithe; agus
(e) a phróisis le haghaidh aistrithe/athlonnaithe de theileafóin phoiblí.

**Sainbhearta d'Úsáideoirí atá faoi Mhíchumas**

(a) rannán tiomanta ar an láithreán gréasáin a sholáthar, inrochtana ón leathanach baile, le heolas cuimsitheach maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn sé a bheadh ina dhíol suime agus ábhartha do dhaoine faoi mhíchumais;
(b) lena chomhlíonadh féin le Cód Cleachtais a bhaineann le soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais a chothabháil, a fheidhmiú agus a mhonatairiú agus déanfaidh sé athbhreithniú tréimhsiúil ar an gCód Cleachtais agus, más cuí, é a leasú i gcomhchomhairle leis an NDA agus comhlachtaí ionadaíocha eile; agus
(c) Soláthróidh USP na sainseirbhísí seo a leanas:

*D'úsáideoirí lagéisteachta*

- Cuplóirí ionduchtacha a chuireann ar chumas úsáideoirí le gléas áis éisteacht an gléas a nascadh lena dteileafón sa dóigh is go mbeidh siad ábalta an chaint ag teacht isteach a chloisteáil go soiléir;
- Teileafóin aimplitheora a chuireann ar chumas an úsáideora fuaim na cainte ag teacht isteach a ardú; agus
- Foláireamh Amhairc Teleflash a thaispeánann solas ag scaladh, nó a dhéanamh torann ard nuair a fhuaimníonn an teileafón.

*D'úsáideoirí lagéisteachta agus/nó urlabhra lagaithe*

- Seirbhís Leaschraolta téacs a sholáthraíonn saoráidí maidir le teachtaireachtaí gutha a fháil agus a aistriú isteach go téacs agus an téacs sin a iompar go dtí teileafón téacs custaiméirí oibreoirí ar bith agus an bealach eile thart; agus
- Scéim lacáiste inár féidir comhionannas íocaíochta a dheimhniú d'úsáideoirí teileafón téacs atá bodhar, agus a ghlacann níos mó ama le glao teileafóin téacs a dhéanamh dá bharr.

*D'úsáideoirí le deaslámhacht nó soghluaiseacht theoranta*

- Gléasanna teileafóin bhrúchnaipe le cnaipí luais agus cnaipí athdhiailithe uathoibríoch agus is féidir uimhreacha teileafóin réamhchláraithe (na cinn is mó a ghlaoitear orthu) nó na huimhreach is deireanaí a glaodh orthu a dhiailiú gan an uimhir teileafóin a ath-iontráil; agus
- Ciallaíonn teileafóin lámh saor/callaire nach bhfuil gá leis an ngléas láimhe a úsáid ar chor ar bith.

*D'úsáideoirí le hamharc teoranta*

- Teileafóin le haghaidh daoine le hamharc teoranta atá ábalta cuidiú le daoine le hamharc teoranta na huimhreacha a aimsiú go furasta; agus
- Billeáil Braille saor in aisce.

*D'úsáideoirí nach bhfuil ábalta an leabhar teileafóin a úsáid de bharr míchumais*

- Socruithe d'Fhiosrú Eolaire Speisialta sa dóigh go mbeifear ábalta seirbhísí fiosraithe eolaire a úsáid saor in aisce.

**Prághsáil Mheánaithe go Geografach**

D'fhonn praghsanna méanaithe go geografach a chur i bhfeidhm ar fud an Stáit maidir leis na seirbhísí a luaitear laistigh d'Oibleagáidí na Seirbhíse Uilíche (USO).

**Rialú Caiteachais**

(a) íosleibhéal de bhilleáil mhiondealaithe, ar iarraidh, a chur ar fáil do chustaiméirí saor in aisce;
(b) saoráidí urchoisc ar ghlaonna roghnaithe a chur ar fáil do ghlaonna amach chuig uimhreacha náisiúnta, móibíleacha, idirnáisiúnta agus ardráta. Cuirfear an tsaoráid urchoisc ghlaonna maidir le huimhreacha ardráta ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí;
(c) a scéim a choinneáil agus a fhoilsiú le íocaíocht de réir a chéile ar tháillí naisc a sholáthar; agus
(d) a pholasaí dícheangail maidir le neamhíocaíocht billí a choinneáil agus a fhoilsiú.

I ndiaidh plé cuimsitheach a dhéanamh le USP, cuirfear tús le clár d'fhoilsiú na dtáscairí feidhmiúcháin i dtaca le hOibleagáidí na Seirbhíse Uilíche. Déanfar an foilsiú ar bhonn ráithiúil agus clúdóidh an foilseachán tosaigh R1 agus R2 2006

*Fóram ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumais*

I rith an chomhairliúcháin ar Sheirbhís Uilíoch, tharraing ionadaithe do dhaoine faoi mhíchumais roinnt ceisteanna anuas a bhí lasmuigh de scóip na seirbhísí ceadaithe faoin Treoir um Sheirbhís Uilíoch. Mothaíodh, áfach, go bhféadfadh na ceisteanna a tarraingíodh anuas, inrochtaineacht agus rogha an tomhaltóra a mhéadú, dá ndéanfaí iad a phlé ar bhonn ginearálta. Bhunaigh ComReg fóram ar a raibh ionadaithe úsáideoirí agus soláthróirí seirbhíse san earnáil fhostaithe, mhóibíleach agus gan sreang. Is é an rún ná cumarsáid/comhoibriú a spreagadh idir Soláthróirí Seirbhísí agus grúpaí faoi mhíchumais.

## Tomhaltóirí a chosaint

**Láimhseáil gearán**

Le linn na tréimhse Iúil 2005 go dtí Meitheamh 2006, fuair ComReg 1,590 gearán. Rinneadh 13, 710 fiosrú a chlúdaigh raon de cheisteanna a bhain le tomhaltóirí a thaifeadadh le linn na tréimhse céanna. Léiríonn sé seo méadú suntasach i dteagmhálacha chuig líne tomhaltóirí ComReg le linn na tréimhse i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh. Baineann na príomhcheisteanna a bhaineann le tomhaltóirí a rinne teagmháil le líne na dtomhaltóirí le:

- Fiosruithe billeála
- Suiteálacha seirbhísí teileafóin agus Leathanbhanda
- Deisiúcháin ar lochtanna
- Fiosruithe conarthachta
- Caighdeáin seirbhísí do chustaiméirí
- Cumarsáid gan iarraidh ("glaonna fuara")

# Tomhaltóirí AR LEAN

*Ag Obair le Gníomhaireachtaí Eile*
Lean ComReg de bheith ag obair go dlúth le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí agus leis an gCumann Náisiúnta Tomhaltóirí maidir le gearáin faoi leith agus ceisteanna níos ginearálta lena chinntiú go ndéantar tomhaltóirí a chosaint ar an mbealach is fearr agus is féidir.

*An Painéal Comhairleach do Thomhaltóirí*
Bunaigh an Coimisiún an Painéal Comhairleach do Thomhaltóirí (CAP) sa dóigh is go mbeadh sé ábalta léargas a fháil ar na forbairtí atá ag eascairt ó phríomhionadaithe tionscail agus tomhaltóirí. Tháinig CAP le chéile dhá uair sa bhliain ar 17 Samhain, 2005 agus ar 1 Márta, 2006 le raon leathan éagsúil topaicí a phlé.

*Monatóireacht ar an Tionscail*
Tá dlúthmhonatóireacht déanta ag ComReg, trí staitisticí agus trí threochtaí cúraim tomhaltóirí, ar ghlaonna chuig ár líne chabhrach, ar mhídhíol agus ar chleachtais eile a d'fhéadfadh iarmhairt dhiúltach a bheith acu ar thomhaltóirí agus ar an tionscal. Bhunaigh ComReg próisis le haghaidh athbhreithnithe míosúil a dhéanamh ar threochtaí, chruinnithe oibreoirí agus próisis fhormhéadaithe forfheidhmithe, de réir mar a bhaineann le hábhar, le tabhairt faoi aon saincheisteanna a thagann aníos nó atá ar siúl go leanúnach.

*Glaonna Margaíochta gan Iarraidh*
I mí Iúil 2005, lainseáil ComReg agus an Coimisinéir um Chosaint Sonraí clár 'ná déan teagmháil' d'úsáideoirí teileafóin d'fhonn cosc a chur ar ghlaonna margaíochta gan iarraidh a fháil. Maíonn na Rialacháin ábhartha go gcaithfidh úsáideoirí teileafóin diúltú a bheith páirteach i nglaonna den sórt seo ar bhonn aonair. Tá an clár le bheith ina fhoshraith de Bhunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (NDD). Is é seo liosta de rannpháirtithe teileafóin seachas iad siúd nach mian leo a bheith san áireamh in eolairí poiblí nó liostaithe trí sheirbhísí fiosruithe eolaire. Ó lainseáladh an clár tá ComReg agus an DCP in éineacht le soláthróirí NDD agus PATS (Seirbísí Teileafóin ar a bhfuil Rochtain Phoiblí) ag obair lena chinntiú gur féidir le rannpáirithe nach bhfuil san eolaire an clár 'ná déan teagmháil' a úsáid chomh maith. Déanfar a n-uimhreacha teileafóin (gan sonraí pearsanta) a iontráil go huathoibríoch, i. ní chaithfidh siad diúltú a bheith páirteach ar bhonn aonair, agus beidh an próiseas curtha i gcrích faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, 2006.

Ar an meán, iarrann 5,000 rannpháirtí sa mhí a bheith curtha ar an gclár.

## Feasacht Tomhaltóirí a Spreagadh

**Eolas do Thomhaltóirí**
Tá táirgeadh réamhghníomhach d'eolas tomhaltóirí ó ComReg tábhachtach lena chinntiú go bhfuil tomhaltóirí ar an eolas agus iad ag déanamh cinntí, agus ag gníomhú ar chinntí a bhaineann lena seirbhísí cumarsáide. Baintear é seo amach ar roinnt bealaí:-

***Treoracha do Thomhaltóirí***
Ó bhí 2005 ann, tá ComReg ag déanamh athbhreithnithe ar a threoracha do thomhaltóirí agus ag obair i dtreo teistiúcháin 'ghnáth-Bhéarla' a bhaintear amach trí NALA (an Cumann Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh). Lena chois sin, rinneadh na treoracha a athdhearadh agus a athphriontáil.

Rinneadh roinnt athruithe suntasacha ar na treoracha seo a leanas le cinntiú gur léirigh siad na staideanna reatha agus le freastal go sonrach ar na ceisteanna is coitianta a chuireann tomhaltóirí:-

Tá sí d'aidhm ag Treoir ar Sheirbhísí Fiosruithe Eolaire cuidiú le tomhaltóirí roghanna níos eolasaí a dhéanamh nuair a bhíonn siad ag úsáid Seirbhís Fiosraithe Eolaire agus áirítear eolas tairifí suas chun dáta inti.



*Teileafónaíocht Fhostaithe a Aistriú (Línte Talún)* -
Treoir úr is ea *Exercise your Choice*. Díríonn an treoir seo ar na céimeanna a bhaineann le soláthróir seirbhíse líne fostaithe a aistriú.

Is treoir atá ann *Mobile Roaming* do thomhaltóirí maidir lena bhfóin phóca a úsáid nuair a bhíonn siad thar lear.

*Láithreáin Ghréasáin Tomhaltóirí*
Tá ComReg tiomanta lena chinntiú go bhfuil tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas faoin raon de roghannna cumarsáide atá ar fáil, agus tá páirt ríthábhachtach ag www.callcosts.ie agus www.askcomreg.ie leis seo a bhaint amach. Lean ComReg dá láithreán gréasáin www.askcomreg.ie a thógáil agus a fhorbairt chomh maith.

Cuireadh na gnéithe breise a leanas i bhfeidhm mar chuid den láithreán le linn na tréimhse:-

- *Staitisticí ar Chúram Custaiméirí*
  Léirítear eolas ar mhéid agus cineál na bhfiosraithe agus na ngearán ó thomhaltóirí a láimhseálann ComReg gach ráithe. Soláthraíonn na leathanaigh seo eolas do thomhaltóirí ar na ceisteanna agus fiosraithe reatha is coitianta.
- *Leathanaigh Fánaíochta*
  Mar chuid de thionscnamh Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa (EGR) maidir le trédhearcacht praghsanna a fheabhsú, lainseáil ComReg leathanaigh faoi leith ar a láithreán gréasáin do thomhaltóirí a bhaineann le muirir fhánaíochta i mí Mhárta 206. Tugtar eolas mionsonraithe ar chostais do thomhaltóirí ag úsáid a bhfón póca i 10 dtír maidir le gach comhcheangal féideartha d'oibreoir agus líonra. Roghnaíodh na tíortha ar bhonn na gcríoch is minice a théann tomhaltóirí na hÉireann ar cuairt orthu.

## Callcosts.ie – Treoir Idirghníomhach Tairifí ComReg

Cé go soláthraíonn oibreoirí eolas ar phrághsáil, bíonn sé deacair ag a lán tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir costas na bpacáistí éagsúla atá á dtairg agus iad a rangú. Lainseáladh láithreán gréasáin ComReg úr, www.callcosts.ie, i mí na Samhna 2005. Is láithreán gréasáin é atá cairdiúil ó thaobh úsáideoirí de, idirghníomhach agus tá se forbartha ag ComReg le comhoibriú tionscal Telecoms. Tá sé léirithe go comhsheasmach ag suirbhéanna tomhaltóirí ComReg gur eolas soiléir, trédhearcach, sothuigthe a chuirfear ar a gcumas roghanna eolasacha a dhéanamh atá á lorg ag formhór na dtomhaltóirí.

Oibríonn an láithreán gréasáin trí roinnt ceisteanna a chur ar an tomhaltóir maidir lena n-úsáid de sheirbhísí glao agus/nó Leathanbhanda. Uair amháin a fhreagraíonn an tomhaltóir na ceisteanna seo tugtar liosta de phleananna díobh rangaithe de réir costais.

Fuair ComReg Gradam Feabhais um Sheirbhís Phoiblí ó Roinn an Taoisigh don láithreán gréasáin. Bronntar na gradaim seo gach dara bliain do thionscadail agus thionscnaimh sa tseirbhís phoiblí.

## Gradaim

### An Marc W

Bhain an dá láithreán gréasáin tomhaltóirí amach an Marc W Leibhéal 1 le EIQA (Feabhas Éireann) an comhlacht náisiúnta do cháilíocht agus d'fheabhas agus cláir d'fheabhas leanúnach. Is clár caighdeán neamhspleách é an Marc W a dhéanann luacháil agus iniúchadh ar láithreáin ghréasáin fhoilsithe de réir caighdeán a aithnítear ar fud an domhain. Thug an gradam seo an onóir do ComReg a bheith mar chuideachta as dhá chuideachta, ar fud an domhain, a bhí ar na chéad chuideachtaí an creidiúnú dian seo – Leibheál 2 den Marc W a fháil.
Déantar an Marc W a mheasúnú agus a iniúchadh faoi na 6 chritéar seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Tiomantas do Sheirbhísí Custaiméirí
- Comhsheasmhacht & Cuma
- Bainistíocht um Shlándáil Sonraí agus Eolais
- Loingseoireacht
- Bainistíocht Comhlíonta Phríobháidigh

Tugann an gradam seo dearbhú neamhspleách do ComReg agus do thomhaltóirí cumarsáide araon gur acmhainn ardchaighdeáin a thugann eolas dírithe ar an tomhaltóir é www.callcosts.ie.

*Clár For-Rochtana*
Lean Foireann Tomhaltóirí ComReg lena chlár for-rochtana atá sí mar aidhm aige príomhtheachtaireachtaí a thabhairt chuig tomhaltóirí gnó agus cónaithe, ag roinnt imeachtaí ar fud na tíre.

I mí Aibreáin 2006, ghlac an Fhoireann Tomhaltóirí páirt i gcomhdháil a bhí mar chuid de Chomhdháil agus Expo Náisiúnta Leathanbhanda Sheachtain r-Ghaillimhe Chumann Tráchtála na Gaillimhe. D'fhreastail a lán den phobal gnó, chomh maith le baill den phobal, ar an ócáid, a raibh mar aidhm aige tuilleadh feasachta ar Leathanbhanda a spreagadh, agus thug sé seo deis do ComReg na príomhtheachtaireachtaí atá aige don tomhaltóir a sheachadadh.

Le linn mhí na Bealtaine agus i gcomhpháirtíocht le Intel Éireann, chaith ComReg trí lá ag gléasra Intel i Léim an Bhradáin ag tabhairt comhairle agus eolas cumarsáide don 5,000 ball foirne.

I mí an Mheithimh, d'fhreastail Foireann Tomhaltóirí ComReg ar Fhóram Pholasaí Chomhlachas Éireann sa Mhuileann gCearr a bhí, cosúil leis na himeachtaí eile, dírithe ar chomhairle agus eolas a chur ar fáil – cé gur lucht éisteachta fócasaithe gnó a bhí ann. Thug sé an deis do ComReg mionteagasc a thabhairt do phríomhaithe aonair Comhlachais ar na príomhbhuntáistí a bhaineann le láithreán gréasáin ComReg www.callcosts.ie, agus le breac-chuntas a thabhairt ar an eolas fánaíochta ar www.askcomreg.ie.

# Ceadúnú Speictrim Raidió

Tá speictream raidió ar fáil le soláthar ilchnuasach de sheirbhísí agus líonraí cumarsáide a úsáid. Áirítear orthu seo líonraí raidió, cosúil le soláthróirí líonraí Leathanbhanda móibíligh nó gan sreang, ach cuimsíonn sé seirbhísí cosúil le córais loingseoireachta raidió, craoltóireacht, raidió agus trealamh long a úsáidtear i dtionscal, leigheas agus tráchtáil chomh maith.


Caithfear údarú a fháil ó ComReg chun trealamh raidió a úsáid in Éirinn. Is féidir an t-údarú seo a bheith i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ceadúnais. Is féidir ceadúnas a eisiúint faoin Acht Raidió-Theileagraíochta 1926, nó faoin Ordú faoin Acht um Udarás Craolacháin 1960, arna leasú (i gcás Údarás RTÉ), nó faoin Acht Raidió agus Teilifís, 1988 (i gcás Choimisiún Craolacháin na hÉireann).

Déanann an rannóg Ceadúnaithe laistigh den Chreat Mhargaidh a leithéid d'iarratais ar cheadúnas a phróiseáil agus cinntíonn sé go gcoinnítear ceadúnas ar bhealach a n-uasmhéadaíonn úsáid éifeachtach an speictrim ar fáil agus a chinntíonn go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil do gach Ceadúnaí.

Ar an 30 Meitheamh, 2006, ba é líon iomlán na gceadúnas raidió ar ár mbunachar sonraí agus 18,621. Is é seo méadú de 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus is méadú é de 57% thar 5 bliana.

Tugann an méadú seo chun suntais go bhfuil daoine aonair, gnólachtaí agus soláthróirí cumarsáide leictreonaí ag baint níos mó úsáide as teicneolaíocht raidió. Tá an méadú seo fíor go háirithe maidir le cineálacha áirithe ceadúnas raidió cosúil le naisc raidió, raidió long, agus raidió aerárthaí, mar a léirítear sa bhfigiúr thíos.

**Líon na gCeadúnas Raidió Beo '00 go dtí '06**




Le linn na bliana faoi athbhreithniú, lean rannóg an chéadúnaithe raidió de bheith ag cur feabhais ar an tseirbhís a thairgeann sí dá Ceadúnaithe agus thug sí isteach roinnt ceadúnas de chineálacha úra le freastal ar an éileamh a bhí ag méadú ar spreictream raidió. Tugtar breac-chuntas ar na feabhsuithe sin thíos:-

### R-Cheadúnú

Lainseáladh an suíomh gréasáin E-Cheadaithe, www.elicensing.comreg.ie i mí Dheireadh Fómhair 2004 agus thug sé deis do Cheadúnaithe íocaíochtaí ar líne a dhéanamh trí chárta léasair nó creidmheasa ar bhealach sábháilte agus áisiúil, agus furasta le húsáid. In 2005, rinne ComReg uasghrádú ar an láithreán gréasáin E-Cheadúnaithe, ag tabhairt feidhmiúlacht cuntais níos fearr d'úsáideoirí. Mar shampla, is féidir le húsáideoirí a gcuid sonraí teagmhála a nua-shonrú anois nó is féidir leo féachaint ar liosta dá gceadúnas reatha atá coinnithe ar líne acu.

Tá sé léirithe gur éirigh go han-mhaith le láithreán gréasáin R-Cheadúnaithe maidir le híocaíochtaí ar líne agus bainistíocht cuntas, go háirithe leis an roinnt mhaith de Cheadúnaithe ag a bhfuil Ceadúnais Long nó Turgnamhaithe.

### Athbhreithniú ar Tháillí do Cheadúnas Raidió.

Le linn na bliana, rinne ComReg athbhreithniú ar tháillí na gceadúnas raidió agus ar na struchtúir táillí a bhaineann leis na cineálacha ceadúnas raidió a leanas: Longa, Aerárthaí, Raidió Gnó, Athsheoltóirí Pobail, Naisc Raidió Fhostaithe agus Turgnamhaithe.

Mhol an t-athbhreithniú seo athruithe táillí dírithe ar níos mó éifeachtachta a chinntiú in úsáid an speictrim trí luach reatha an speictrim cheadúnaithe a nascadh leis an méid íoctha ag Ceadúnaithe aonair.

Lena chois sin, lorg ComReg an t-ualach rialaithe a laghdú más féidir. Maidir leis seo, mhol athbhreithniú ComReg nach cóir go gcaithfeadh Ceadúnaithe raidió Long nó Turgnamhaithe a gceadúnais a athnuachan níos mó gach bliain ach ina ionad sin d'fhéadfadh siad cur isteach ar Cheadúnais ar feadh an tsaoil.

Tá ComReg ag dul ar aghaidh leis an obair atá riachtanach leis na córais úr táillí a thabhairt isteach le linn 2006. Áirítear air seo, ullmhúcháin de rialacháin úra agus nuashonrú ar theoir agus ar fhoirmeacha iarratais.

### Tabhairt isteach an Scéim Cheadúnaithe um Raidió Gnó Tríú Páirtí (TPBR)

I mí Mheán Fómhair 2005, lainseáil ComReg an Scéim Cheadúnaithe um Raidió Gnó Tríú Páirtí. Bhí an scéim chéadúnaithe seo dírithe ar chuideachtaí a raibh suim acu seirbhísí gnó raidió dhá bhealach a sholáthar do thríú páirtithe. Ní ionann agus ceadúnais thraidisiúnta raidió gnó, cuireann an ceadúnas TPBR ar a gcumas do Cheadúnaithe seirbhísí raidió gnó a sholáthar do thríú páirtithe ar fud na tíre gan gá le ceadúnú aonair a bheith acu d'oibriúcháin raidió gnó do gach láithreán geografach faoi leith nó ag gach úsáideoir tríú páirtí

Bhí ComReg sásta leis an leibhéal suime a léiríodh sa scéim seo, agus i mí Eanáir 2006, eisíodh 15 ceadúnas TPBR do 6 Cheadúnaí. Faoi dheireadh na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh 19 ceadúnas TPBR do 8 gCeadúnaí.

### Tabhairt isteach na Scéime Ceadúnaithe um Chóras Fógartha Poiblí gan Sreang (WPAS)

I mí Mheithimh 2006, lainseáil ComReg an Scéim Cheadúnaithe um Chóras Fógartha Poiblí gan Sreang. Cuireann an scéim cheadúnaithe seo ar chumas eagraíochtaí creidimh agus pobail seirbhísí agus imeachtaí a tharchur, cosúil le seirbhísí creidimh, chun tairbhe daoine i bpobail áitiúla ar fud na tíre.

Rinne Comreg cuid faoi leith den speictrim raidió, an banda 27.6 to 27.99 MHz, a leithdháileadh don scéim seo. Tá ceadúnas de dhíth do gach tarchuradóir WPAS agus cosnaíonn sé €100. Bíonn an ceadúnas bailí ar feadh 5 bliana agus is féidir é a athnuachan. Ní chaithfidh daoine a éisteann le seirbhísí a tharchuirtear trí WPAS ceadúnas a cheannach.

### Scrúduithe do Thurgnamhaithe Raidió

Ó síníodh an conradh do scrúduithe turgnamhaithe le Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS) i mí na Bealtaine 2005, tionóladh ceithre scrúdú turgnamhaithe anois. Rinne iomlán de 53 iarrthóir an scrúdú seo agus phasáil 35 acu é.

Tá ComReg spreagtha leis an leibhéal suime atá léirithe ag an bpobal raidió amaitéaraigh maidir leis an scrúdú seo a dhéanamh. Leanfaidh ComReg ag obair leis an IRTS lena chinntiú go leanfar de scrúduithe a thionól ar bhonn rialta amach anseo.

### Eisiúint Leanúnach de Cheadúnais Raidió

Faigheann agus próiseálann rannóg Ceadúnaithe ComReg meán de 4,000 iarratas, do cheadúnais úra nó athruithe ar chórais atá ann cheana, gach bliain. Tugtar breac-chuntas thíos ar na cineálacha éagsúla de cheadúnais raidió arna n-eisiúint ag ComReg a shonraíonn líon na gceadúnas úra a eisíodh le linn na bliana:

### Raidió Gnó

Déantar ceadúnais raidió gnó a eisiúint do chuideachtaí nuair a bhíonn córas cumarsáide móibílí príobháidí de dhíth, i. nuair a bhíonn raidiónna de dhíth ar chuideachtaí le haghaidh cumarsáid dhíreach dhá bhealach idir bonn agus pearsanra soghluaiste. De ghnáth, is iad cuideachtaí tacsaithe agus cuideachtaí iompair a úsáidfidh córais den sórt seo chomh maith le heagraíochtaí rialtais agus stáit agus na seirbhísí éigeandála. Le linn na bliana, d'eisíodh 452 ceadúnas úra nó leasaithe i gcomparáid le 422 in 2004-2005. Is méadú de 7% é seo.

### Athsheoltóir Pobail

Is éard atá i gceist le seirbhísí Athsheoltóra Pobail ná stáisiún athsheoltóra ag ardláithreán a roinntear le roinnt úsáideoirí. Déanann Ceadúnaí an stáisiún athsheoltóra a sholáthar, a shuiteáil agus a chothabháil agus ansin ligeann sé d'úsáideoirí rochtain a bheith acu ar an stáisiún athsheoltóra ar bhonn tráchtála. Rinneadh 4 cheadúnas úra a eisiúint i mbliana, i gcomparáid le 7 gceadúnas a eisíodh anuraidh.

### Raidió Aerárthaí

Clúdaíonn an ceadúnas seo trealamh trasghlacadóra raidió atá suite ar bord aerárthaí agus a oibríonn laistigh de bhandaí minicíochta aerloingseoireachta go dtí túir rialaithe an aerfoirt a úsáid (nuair a bhíonn an aerárthach ar an talamh nó nuair a bhíonn sé san aer). Le linn na bliana, eisíodh 194 ceadúnas úr i gcomparáid le 189 in 2004-2005. Is méadú de 3% é seo ón mbliain roimhe sin.

# Ceadúnú Speictrim Raidió AR LEAN

## Raidió Long

Údaraíonn na ceadúnais seo cumarsáid dhá bhealach le soithí eile agus le Stáisiúin Ráidió ar an gCósta. Cuireann na Stáisiúin Ráidió ar an gCósta ar a gcumas d'oibreoirí raidió na long a nascadh leis an ngnáthlíonra teileafóin.

Caithfidh gach long tráchtála, gach soitheach paisinéara farraige agus an chuid is mó de shoithí iascaireachta raidió a shuiteáil agus tá sí d'oibleagáid orthu ceadúnas raidió a bheith acu. Níl sé riachtanach don chuid is mó de na hárthaí pléisiúir raidió a shuiteáil ach tá níos mó acu á dhéanamh i rith an ama – sna cásanna seo caithfear ceadúnais a fháil fosta. Le linn na bliana, eisíodh 980 ceadúnas úr do raidió long.

Ní féidir ceadúnas raidió loinge a eisiúint ach sa chás ina mbíonn Teastas Inniúlachta cuí ag oibreoir an trealaimh raidió.

## Córais Raidió Mhóibíligh

Tugadh reachtaíocht isteach i mí Lúnasa 2002 (I.R. Uimh. 435 de 2002), a éascaíonn sé córais ceadúnaithe úra do chórais raidió mhóibíligh a thabhairt isteach san achair logánta nó ar láithreán nár freastalaíodh air go sonrach faoi reachtaíocht roimhe seo. Clúdaíonn an córais cosúil le raidió truncaithe (córas raidió a fheidhmíonn trí chainéil mhinicíochta raidió a shannú go dinimiciúil ó ghrúpa cainéal a sannaíodh). Eisíodh ceithre cheadúnas úra raidió mhóibíligh sa tréimhse.

## Turgnamhaithe Raidió

Eisítear ceadúnas Turgnamhaí Raidió ar dhíograiseoirí amaitéarach raidió ar mian leo an raidió a úsáid le haghaidh staidéar fóillíochta ar éifeachtaí forleata raidió. Le dhá mhí dhéag anuas, eisíodh 54 ceadúnas úr i gcomparáid le 28 an bhliain roimhe sin, méadú de 93%. Baineann an méadú seo go díreach le reáchtáil rathúil na scrúduithe do thurgnamhaithe raidió ag Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS).

## Naisc Raidió

Nuair a bhíonn conair tarchuir raidió tiomanta de dhíth idir suímh fhostaithe, bíonn ceadúnas naisc raidió riachtanach. Úsáideann a lán oibreoirí teileachumarsáide raidió lena láithreáin tarchuir a nascadh le chéile. Go sonrach, úsáideann oibreoirí fón póca naisc raidió i solathár a líonra tarchuir. Le linn na tréimhse tuairiscithe, eisíodh 1808 ceadúnas úr/leasaithe do nasc raidió i gcomparáid le 1761 sa tréimhse roimhe sin, agus is ionann sin agus méadú bliain ar bhliain de 3%. Is iad na príomhchúiseanna a bhaineann leis an ardleibhéal leanúnach d'éileamh ar cheadúnais naisc raidió ná an fairsingiú leanúnach líonra agus an rolladh amach ag oibreoirí móibíleacha 2G agus 3G, agus tabhairt isteach na n-oibreoirí Leathanbhanda gan sreang sa mhargadh.

## Achar Logánta Rochtana Fostaithe gan Sreang

In 2003, lainseáil ComReg scéim cheadúnaithe do rochtain Leathanbhanda gan sreang faoin chóras cheadúnaithe Achair Logánta Rochtana Fostaithe gan Sreang (FWALA). In 2006, leasaigh ComReg scéim cheadúnaithe FWALA agus scaoil sé amach tuilleadh speictrim sa bhanda 10.5 GHz.

Tá iomlán de 133 cheadúnas achair logánta eisithe ag ComReg, méadú de 41% ar fhigiúirí na bliana anuraidh de 93. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, d'eisigh ComReg 57 ceadúnas úr sa bhanda 10.5GHz, iomlán de 83 ceadúnas úr.

## Satailít

Úsáidtear satailítí le haghaidh roinnt mhaith cuspóirí, lena n-áirítear craoltaí teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáid. Soláthraíonn líonraí satailíte malairt sholúbtha ar línte fostaithe talamh-bhunaithe agus líonraí naisc raidió fhostaithe. Tá trí chatagóir de stáisiúin domhanda satailíte incheadúnaithe: Stáisiúin an Domhain Mhóir (LES), Stáisiún Domhanda In-Iomprach (TES) agus Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT). Sa bhliain faoi athbhreithniú, eisíodh 32 ceadúnas úra, i gcomparáid le 26 an bhliain roimhe sin. Tá an leibhéal íseal seo de ghníomhaíocht i gceadúnú satailíte de bharr na rialachán díolúine ar cheadúnú satailíte a thug ComReg isteach roimhe seo.

## Craoltóireacht

Ag deireadh mhí Mheithimh 2006, bhí thart ar 570,000 rannpháirtí sheirbhísí cábla/MMDS in Éirinn. Leantar d'aistriú ó rannpháirtithe analóige go digiteacha a bheith ag tarlú sa mhargadh cábla/MMDS, agus is ionann na rannpháirithe digiteacha anois agus 44% de rannpháirithe cábla/MMDS. Is ionann iomlán na rannpháirtithe teilifíse in Éirinn (cábla/MMDS agus satailít) agus beagnach 997,000 – tá 68% de rannpháirtithe ar theilifís íoca ina rannpháirtithe ar theilifís dhigiteach.

Tionóladh an Chomhdháil Réigiúnach Radachumarsáide 2006 (RRC-06) sa Ghinéiv ó 15 Bealtaine 2006 go dtí 16 Meitheamh 2006. Ag an gcomhdháil seo, forbraíodh agus aontaíodh plean agus conradh minicíochta idir 104 tír lena n-áirítear Éire maidir le craoltóireacht dhigiteach. Bhí ról suntasach ag ComReg i gcomhoibriú agus i bhforbairt an phlean agus an chonartha minicíochta. Ag an gComhdháil, d'aontaigh Éire le plean agus minicíochtaí comhordaithe do theilifís agus raidió digiteach trastíre sa Stát i dtimpeallacht uile-dhigiteach.

## Díolúine Ceadúnais

Bhí roinnt mhaith córas raidió díolmhaithe ó cheadúnú in Éirinn. De ghnáth, bunaítear díolúiní ó cheadúnú nuair nach mbíonn riachtanas ar bith ann bainistíocht a dhéanamh ar speictream faoi leith cosúil le bandaí ISM (Tionscal, Eolaíocht agus Leigheas) agus nuair a bhíonn an baol trasnaíochta neamhbhríoch. Ina lán cásanna, caithfear trealamh raidió a bhíonn díolmhaithe ó cheadúnú feidhmiú ar speictream a roinntear le gairis eile. Lena chois sin, feidhmíonn trealamh a bhíonn díolmhaithe ó cheadúnú ar bhonn 'neamhthrasnaíochta, neamhchosanta, is é sin le rá, ní dhéanfaidh an trealamh trasnaíocht ar ghairis eile agus ní eileoidh sé cosaint ó thrasnaíocht ar bith a fhaightear. Éilítear ceadúnas ar an trealamh raidió uile nach bhfuil díolmhaithe ó cheadúnú. Tá achoimre déanta de na gairis raidió atá díolmhaithe ó cheadúnú sa tábla thíos.



# Ceadúnú Speictrim Raidió AR LEAN

**Achoimre na ngléasanna Raidió a bhfuil díolúine acu ó Cheadúnú**

| Cineál Raidió | Cur Síos | Ordú Díolúine | Faisnéis Eile |
|---|---|---|---|
| **Gaireas Gearr-Raon (SRD)** | Gairis éagsúla ísealchumhachta cosúil le feidhmiúcháin ionduchtaithe, aláraim, rialú samhla, siúlscéalaithe, micreafóin gan sreang agus closchórais, raidió LANS, Teileamatice Iompair ar Bhóthar agus Tráchta (RTTT), córais Aitheantais Minicíochta Raidió (RFID). | I.R. Uimh 160 de 2006 | ERC/REC/70-03<br>Cáipéisí: 02/71 |
| **Banda Saoránach** | Banda AM saoránach (CB) agus trealamh raidió PR 27. | I.R. 436 de 1998 | Caighdéan: ETS 300 433, ETS 300 135 Cáipéisí: 00/62R |
| **Satailít** | Stáisiúin Domhanda Talún Móibíleach áirithe lena n-áirítear Stáisiúin Inmarsat, Eutelsat, Italsat, Arcanet agus Thuraya. | I.R. 398 de 2001 | Caighdeáin: TBR 026, TBR 044, TBR 027, EN 301 681<br>Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Domhanda áirithe a Ghlacann Satailít Fhostaithe lena n-áirítear glacadóirí VSAT agus SNG. | I.R. 273 de 2000 | Caighdeáin: TBR 28, TBR 30, TBR 43 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Mhóibíleacha Domhanda do Chórais Chumarsáide Satailíte Pearsanta <1GHz (S-PCS<1GHz) | I.R. 173 de 2000 | Annex 2 of ERC/DEC/(99)06<br>Cáipéisí: 00/62R |
| | Stáisiúin Domhanda Satailíte do Chórais Chumarsáide Satailíte Pearsa <1GHz (Seirbhís um Chumarsáid Mhóibíleach Phearsanta Domhanda, GMPCS)<br>Díolúine ó Stáisiúin Aerárthaí ar Ísealchumhacht | I.R. 214 de 1998<br><br>I.R. 007 de 2004 | ERC/DEC/(97)03<br>Cáipéisí: 00/68, 00/62R |
| | Teirminéil d'Úsáideoirí Satailíte ar Ísealchumhacht | I.R. 505 de 2003 | Caighdeáin:<br>EN 301-459<br>TBR 28<br>ERC/DEC/(00) 03 ERC/DEC/(00) 04<br>ERC/DEC/(00) 05 |
| | Teirminéil Satailíte Aerárthaí ar Bord | I.R. 007 de 2004 | Caighdeáin:<br>EN 301-473;<br>EN 302-186 |
| | Teirminéil d'Úsáideoirí Satailíte Móibílí | I.R. 128 de 2005 | Caighdeáin:<br>ECC/DEC/(02) 11<br>EN 301-444<br>EN 301-681 |
| **PMR 446** | Raidiónna gnó gear-raoin ag feidhmiú sa bhanda 446MHz | I.R. 93 de 1998 | Cáipéisí: 00/62R |
| **GSM** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 900MHz | I.R. 409 de 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| **DCS 1800** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 1800MHz | I.R. 107 de 1999 | Caighdeáin: TBR 31, TBR 32<br>Cáipéisí: 00/62R |
| **Teileafóin gan Sreang** | Teileafóin analóige gan sreang ag feidhmiú ag 31.025 - 31.325MHz (an chuid fhostaithe) agus 31.925 - 40.225MHz (an chuid iniompartha)<br><br>Teileafóin DECT gan sreang ag feidhmiú idir 1800 - 1810MHz<br><br>Córas cumarsáide raidió dhigitigh gan sreang CT2-CAI ag feidhmiú sa bhanda 864.1 - 868.1Mhz agus a chloíonn le ETS 300 131 | I.R. 410 de 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| **Craoltóireacht** | Stáisiúin áirithe chraolacháin athsheachadáin le sreang<br><br>Glacadóirí craolachán fuaime | I.R. 200 de 1976<br><br>I.R. 211 de 1972 | Cáipéisí: 00/62R |
| **Glacadóirí Raidió** | Glacadóirí Ginearálta Raidió (seachas Teilifísí) | I.R. 197 de 2005<br>I.R. 292 de 2005 | |

Tábla de Cheadúnais Bheo agus Cheadúnais Úra/Leasaithe a Eisíodh sa bhliain faoi Athbhreithniú

| | Líon na gCeadúnas Beo | | | Líon na gCeadúnas Úr/ Leasaithe Eisithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineál Ceadúnais | 30 Meitheamh 2006 | 30 Meitheamh 2005 | % Athrú | 30 Meitheamh 2005 go 30 Meitheamh 2006 | 30 Meitheamh 2004 go 30 Meitheamh 2005 | % Athrú |
| 3G | 3 | 3 | 0% | 0 | 0 | n/a |
| Raidió Aerárthaí | 1,251 | 1,090 | 15% | 194 | 189 | 3% |
| Raidió Gnó | 3,182 | 3,525 | -10% | 452 | 422 | 7% |
| Athsheoltóir Pobail | 127 | 142 | -11% | 4 | 7 | -43% |
| Turgnamhaithe | 1,549 | 1,583 | -2% | 54 | 28 | 93% |
| FWALA | 133 | 94 | 41% | 83 | 64 | 30% |
| FWPMA | 3 | 3 | 0% | 0 | 0 | n/a |
| GSM | 3 | 3 | 0% | 0 | 0 | n/a |
| Naisc Raidió - Pointe go hIlphointe | 123 | 128 | -4% | 0 | 3 | -100% |
| Naisc Raidió - Pointe go Pointe | 7,407 | 6,462 | 15% | 1,808 | 1,761 | 3% |
| Satailíte | 57 | 53 | 8% | 32 | 26 | 23% |
| Radió Long | 4,705 | 4,198 | 12% | 980 | 1,516 | -35% |
| Raidió Sealadach Gnó | 30 | 0 | n/a | 172 | 126 | 37% |
| Raidió Gnó Tríú Páirtithe | 19 | 0 | n/a | 19 | 0 | n/a |
| Raidió Truncaithe | 7 | 4 | 75% | 4 | 2 | 100% |
| Móib Leathanbhanda Digiteach Móibíleach | 2 | 0 | n/a | 2 | 0 | n/a |
| Tástáil gan Sreang | 16 | 1 | 1,500% | 19 | 1 | 1800% |
| Triail gan Sreang | 4 | 0 | n/a | 5 | 0 | n/a |
| **Iomlán na gCeadúnas Raidió Beo** | **18,621** | **17,289** | **8%** | **3,828** | **4,145** | **-8%** |
| Teastas Inniúlachta Long | 24,049 | 22,271 | 8% | 1,783 | 2,215 | -20% |

*Tá mionsonraí ar na cineálacha de cheadúnais thuas lena n-áirítear foirmeacha ar fáil ó láithreán gréasáin ComReg ag www.comreg.ie*

# Uimhriú

Tá ComReg freagrach as an scéim náisiúnta uimhrithe teileafóin a bhainistiú. Is éard atá i gceist leis seo ná anailís a dhéanamh ar na cineálacha uimhreacha teileafóin agus ar na gearrchóid a úsáidtear, straitéis a fheidhmiú a chinntíonn nach n-ídítear acmhainn uimhrithe ar bith, uimhreacha agus cóid a sholáthar do sheirbhísí úra agus oidhreachta de gach cineál, agus a chinntiú go n-osclaítear uimhreacha teileafóin go gasta ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Seirbhísí um Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP)

Tá seirbhísí VoIP in Éirinn ó d'fhoilsigh ComReg a chéad pháipéar comhairliúcháin, Cáipéis ComReg 04/72 ar 17 Meitheamh, 2004, a chuir tús le plé ar raon leathan de thopaicí VoIP (uimhriú, rochtain ar sheirbhísí éigeandála, iniomparthacht uimhreacha, sláine líonra srl). Tá seirbhísí VoIP ar fáil inniu ó oibreoirí traidisiúnta Telecom chomh maith le sain-oibreoirí VoIP atá tagtha isteach sa mhargadh.

In 2004, mar chuid dá ról éascaíocht a dhéanamh d'earraí agus seirbhísí nuálaíocha a thabhairt isteach chun tairbhe na n-úsáideoirí deiridh, tá creat curtha i bhfeidhm ag ComReg le tabhairt isteach Sheirbhísí um Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP) i margadh teileachumarsáide na hÉireann a éascú. De bharr nádúr teacht chun cinn an mhargaidh áirithe seo, agus an creat seo á thógáil aige, bhí a fhios ag ComReg go mbeadh sé riachtanach athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an dul chun cinn lena chinntiú nach raibh forbairtí ar bith a d'fhéadfadh a bheith dochrach do thomhaltóirí ag tarlú nó go ndéanfaí bearta a chur i bhfeidhm go gasta le dul i ngleic leis na forbairtí sin dá mbeadh sé sin riachtanach. Dá réir sin ar 3 Márta, 2006, d'fhoilsigh ComReg páipéar úr comhairliúcháin (Cáipéis ComReg 06/19 "Review of VoIP Framework") agus chuir sé tús le sraith de chainteanna struchtúracha le príomhimreoirí tionscail, i bpáirt le Analysys Consulting Ltd. Tá na cainteanna sin ar siúl fós agus táthar ag súil le cáipéis Freagartha ar an gComhairliúchán i mí Lúnasa 2006.

Mar sin féin, tá sé soiléir cheana nach bhfuil an dul chun cinn go dtí seo maidir le glacadh sheirbhísí VoIP in Éirinn ach measartha, ach go bhfuil sé ag méadú. San am céanna, le leibhéil na n-úsáideoirí Leathanbhanda ag thart ar 400,000 anois agus ag méadú go gasta, agus le fiontair ag úsáid VoIP níos mó in aonad a IP-VPNanna, léirítear go mbeidh fás suntasach ann sa todhchaí. Tá sé léirithe ag an eispéireas i dtíortha eile, an Fhrainc, mar shampla, gur féidir le teacht na bhfeidhmiúchán cosúil le VoIP a bheith mar chatalaíoch maidir le glacadh Leathanbhanda a bhrostú. Cruthaíonn sé seo móiminteam dearfach i dtreo athraithe, rud a spreagann an t-éileamh ar dhíchuachadh na lúibe logánta.

## Athruithe ar Uimhreacha Náisiúnta

In 2004, chinn ComReg agus an tionscal teileachumarsáide, ag obair go dlúth lena chéile, go raibh gá le hathruithe ar uimhreacha náisiúnta i bpáirteanna de na ceantair uimhrithe "04" agus "05" (Lár Tíre agus agus Oirdheisceart na tíre) d'fhonn baol ídithe uimhreach a sheachaint. I ndiaidh obair ullmhúcháin ar na athruithe uimhreach seo, a tharla sa chéad leath den bhliain 2005, rinneadh an chéad sraith de threoirlínte ar athruithe na n-uimhreacha a eisiúint do thionscal i Meitheamh 2005 agus bhí sraith d'fhógraí poiblí agus preaseisiúintí láithreach ina dhiaidh sin, le daoine a ullmhú don mhéid a bhí pleanáilte. Leanadh de chruinnithe cuimsitheacha pleanála agus tionscail i rith thréimhse na tuarascála seo agus cuireadh tús le hobair chomhthreomhar maidir le huimhreacha úra 7 ndigit leis na huimhreacha 5 dhigit a bhí ann cheana (den chuid is mó) i ngach ceantair faoi réir ar 5 Nollaig, 2005. Sholáthair an obair chomhthreomhar, a lean ar aghaidh go dtí Bealtaine/Meitheamh 2006 (de réir an cheantair), tréimhse oibre 6 mhí do bhaill an phobail lena leabhair seoltaí, comharthaíocht, cinn litreach, socruithe diailithe srl a athrú. Cuireadh an tasc i gcrích go sásúil ar 16 Meitheamh, 2006, agus faoin am seo rinneadh na sean-uimhreacha a aistarraingt agus a chur i gcoraintín. D'fhonn a chinntiú nach gcuirfí isteach ar bhaill den phobal nár thug aird ar na foláirimh roimhe seo nó a chaill iad, cuireadh sraith d'fhógraí taifeadta leis na huimhreacha athraithe go léir agus coinneofar iad seo go dtí Bealtaine/Meitheamh 2007 (i. ar feadh 12 mhí).

Ba iad na ceantair a bhí i gceist ná Port Laoise, Mainistir Laoise, an Tulach Mhór, Biorra, an Muileann gCearr, Baile na gCros, Bealach an Tirialaigh, Loch Garman, Inis Córthaidh, Fearna agus Guaire. Ciallaíonn cur i gcrích na n-athruithe uimhreach seo go mbeidh go leor uimhreacha teileafóin ag na ceantair sin go ceann i bhfad.

### Uimhriú Leictreach (ENUM)

Is éard is Prótacal ENUM ann ná meicníocht choinbhéirseachta a chuireann ar chumas gnáthúsáideoirí PSTN glao a chur ar chustaiméir Idirlíon-bhunaithe ag úsáid Prótacal Idirlín don Ghuthú (VoIP) nuair a thugtar a uimhir/a huimhir teileafóin mar ionchur. Táthar ag súil ENUM a úsáid go príomha mar fheidhmiúchán a bheidh leabaithe laistigh d'fheidhmiúcháin chumarsáide eile, cosúil le VoIP, seachas a bheith ina uirlis neamhspleách. Tá an acmhainneacht ag ENUM an ríomhphost, rochtain ar an ngréasán agus iniomparthacht uimhreacha, i measc rudaí eile a éascú, trí na meicníochtaí ródaithe is éifeachtaí do na seirbhísí sin a shainaithint, ar bhonn glao le glao.

Ó bhí Lúnasa 2003 ann, thug ComReg faoi roinnt tionscnamh maidir le ENUM a chur chun cinn in Éirinn ag tosú le comhairliúchán poiblí, agus ansin triail phoiblí agus Fóram tionscail ENUM a bhunú. Reáchtáladh an triail ó mí Iúil 2004 go dtí mí Mhárta 2005, agus tháirg an Fóram Tuarascáil Dheiridh thábhachtach ENUM i mí Mheán Fómhair 2005 (Cáipéis ComReg 04/105a).

I ndiaidh rath na trialach, léirigh roinnt gníomhaithe tionscail suim i ndul ar aghaidh go dtí ENUM ar scála tráchtála agus cuireadh tús le hobair air sin le fógra ComReg le haghaidh Léirithe Suime i mí na Samhna 2005, agus go gasta ina dhiaidh sin bhí Glao chun Tograí (Cáipéis ComReg 05/90) ann i mí na Nollag 2005. I ndiaidh cleachtadh neamhspleách luachála, rinneadh soláthróir phríomhsheirbhísí cláraithe ENUM Ciseal 1 a roghnú go sealadach agus cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí – atá fós ar siúl – i mí Aibreáin 2006. Táthar ag súil go mbeifear ábalta tús a chur le feidhmiú iomlán trachtála ENUM in Éirinn go gasta i ndiaidh síniú an chonartha, má éiríonn leis na hidirbheartaíochtaí reatha. Tá ENUM i bhfeidhm cheana sa Ghearmáin, san Ostair, sa Pholainn, san Fhionlainn agus i roinnt tíortha Eorpacha eile agus táthar ag súil go n-osclófar é i dtíortha breise (SAM agus an RA san áireamh) sna 12-18 mí atá le teacht.

# Rialú Poist

## Creat Rialála

Is é ComReg an tÚdarás Náisiúnta Rialála d'Earnáil Phoist na hÉireann. Is é ceann de phríomhróil ComReg maidir leis seo ná forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe seirbhís uilíoch poist a chur ar fáil laistigh, chuig agus ón Stáit ag costas réasúnta chun tairbhe gach úsáideora.


Agus a chuspóirí á gcur i gcrích aige, díríonn ComReg ar sheirbhísí poist ar ardchaighdeán a sholáthar dírithe ar chustaiméirí, a chinntíonn bailiúcháin agus seachadtaí laethúla de litreacha agus de bheartáin araon, 5 lá sa tseachtain ar a laghad, chuig gach seoladh sa tír, agus ag an am céanna, a thugann an tsaoirse chun seirbhísí iomaíocha a sholáthar san earnáil seo trí léirscaoileadh an mhargaidh phoist de réir a chéile.

Áirítear ar na sainfheidhmeanna: caighdeáin do cháilíocht seirbhíse a leagan amach don Phost, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne na sprice seo, treoracha a eisiúint don Phost maidir le nósanna imeachta cuntasaíochta a ghlacadh i dtaca lena chuntais rialála, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le Prionsabail Tairifí agus gnéithe den tseirbhís uilíoch a shonrú a bhfuil sé de cheangal ar An Post a sholáthar. Faoi chumhacht eile, ní féidir leis An Post praghsanna do sheirbhísí uilíocha forchoimeádta a chur suas gach comhthoiliú ComReg a fháil ar dtús.

Ó bhí Eanáir 2006 i leith, tá na seirbhísí atá 'forchoimeádta" do An Post mar an Soláthróir Seirbhíse Uilíche ainmnithe teoranta do mhíreanna de chomhfhreagras baile agus chomhfhreagras trasteorann isteach le meáchan de 50g[9].

Tá sé beartaithe go mbeidh an margadh oscailte go hiomlán faoi mhí Eanáir 2009. Tá an margadh do phost trasteorann amach oscailte go hiomlán ó bhí Eanáir 1, 2004 ann.

**Fíor 1. An Idirghaolmhaireacht idir seirbhísí uilíocha, áirithithe agus neamhrialaithe poist bunaithe ar an bpraghas intíre 48c.**




Tá sé riachtanach i dtíortha eile ceadúnas a fháil le seirbhísí a sholáthar in iomaíocht dhíreach leis an soláthróir seirbhíse uilíche ainmnithe, ach in Éirinn is féidir seirbhís iomaíoch a bhunú (lasmuigh den limistéar forchoimeádta) le beagán foirmiúlachta nó gan foirmiúlacht ar bith. Ó 1 Eanáir 2004 i leith, ní éilítear ach ar sholáthróirí seirbhíse poist (seachas An Post) le láimhdeachas bliantúil de níos mó ná €500,000, gan CBL san áireamh, iarratas a dhéanamh do "údarú seirbhíse poist" agus nósanna imeachta simplí gearán agus sásaimh a chur i bhfeidhm d'fhonn custaiméirí a chosaint.

Ag deireadh mhí Mheithimh 2006, deonaíodh Údarú Seirbhíse Poist ar 29 soláthróir de Sheirbhísí Poist, ar údaraíodh sé cinn acu le linn na bliana faoi athbhreithniú, agus rinneadh na húdaruithe a bhí ag dhá oibreoir a aistarraingt de bhrí nár bhain siad critéir an láimhdeachais amach níos mó.

Is féidir féachaint ar na 29 sealbhóir cláraithe reatha, agus na seirbhísí a sholáthraíonn gach ceann acu ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie.

## Caighdeán Seirbhíse An Post

Tá seirbhís éifeachtach phoist a chur ar fáil ar ardchaighdeán, atá inchurtha leis na cinn is fearr san Eoraip, ina phríomhchuspóir ag geilleagar iomaíoch nua-aoiseach amhail geilleagar na hÉireann. Dá bhrí sin, tá an caighdeán seirbhíse a thugtar don phost go háirithe tábhachtach do ComReg. Tá sé ar cheann de bhunchuspóirí Threoracha Poist na hEorpa feabhas a chur ar chaighdeáin na Seirbhíse agus tá sí d'oibleagáid faoin dlí ag ComReg sprioc a leagan síos do An Post maidir le Cáilíocht na Seirbhíse.

9 Nó níos lú, fad is go bhfuil an praghas níos lú na dhá uair go leith na tairife poiblí baile do mhír chomhfhreagrais sa chéad chéim meacháin i gcatagóir an chaighdeáin is gaiste i. €120 (ag praghsanna reatha)

Tá TNS ar conradh ag ComReg le caighdeán seirbhíse An Post do phíosa singil de phost[10] tosaíochta (an gnáthfhreagras a sheolann daoine aonair agus gnólachtaí, beag agus mór gach lá) a thomhas. Le linn na bliana faoi athbhreithniú d'fhoilsigh ComReg tuarascáil bhliantúil mrbi TNS do 2005 agus torthaí fheidhmíocht gach ráithe[11].


Léiríonn torthaí, maidir le post a sheoladh le haghaidh seachadta sa Stát in 2005, go ndearnadh 73% den ghnáthfhreagras a sheachadadh an chéad lá oibre eile (gan deireadh seachtainí nó saoirí bainc a chur san áireamh). Cé go léiríonn na torthaí bliantúla mionfheabhas i gcoinne an toraidh bhliantúil do 2004 (72%), tá an fheidhmíocht giota maith níos ísle ná sprioc an chaighdeáin seirbhíse de 94% a leagann ComReg amach, don tríú bliain i ndiaidh a chéile.

Rinneadh 97% den ghnáthfhreagras a sheachadadh laistigh de thrí lá oibre tar éis a seolta, agus is ionann é seo agus 1% de mhéadú i gcomparáid le tomhas an dá bhliain roimhe sin, ach tá sé seo fós faoi bhun na sprice de 99.5% atá leagtha amach ag ComReg. Is í aidhm an bhirt seo ná a chinntiú, nuair nach mbaintear an leibhéal inmhianta de sheachadadh ar an lá dar gcionn amach, go gceartaítear é seo a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.

Déantar achoimre ar na torthaí thíos, agus cuirtear torthaí do Ráithe 1 2006 ar fáil fosta.

| | Post Náisiúnta (D+1) | Post Áitiúil (D+1) | Post Náisiúnta (D+3) |
|---|---|---|---|
| **Sprioc Sonraithe** | **94%** | **94%** | **99.5%** |
| R1 2005 | 76% | 79% | 98% |
| R2 2005 | 78% | 81% | 98% |
| R3 2005 | 74% | 78% | 96% |
| R4 2005 | 63% | 67% | 96% |
| **An Bhliain Iomlán 2005** | **73%** | **76%** | **97%** |
| R1 2006 | 74% | 78% | 96% |

**Fíor 2: Feidhmíocht Seachadta maidir le Post Náisiúnta ar an gCéad Lá Eile (D+1)**




## Torthaí Trasteorann na hEorpa

Léiríonn UNEX 2005 (UNipost EXternal Monitoring System) a d'fhoilsigh an Chorparáid Idirnáisiúnta Poist (IPC) ar chaighdeán na seirbhíse poist trasteorann laistigh den Eoraip go ndearnadh 93% de phost den chéad ghrád a sheachadadh laistigh de thrí lá i ndiaidh a seolta (táscaire luais) agus 98.9% laistigh de chúig lá (táscaire iontaofachta), feabhas teorannach ar fheidhmíocht 2004.

## Tairifí An Post

I mí na Nollag 2005, i ndiaidh próisis[12] chomhairliúcháin d'fhoilsigh ComReg cáipéis Freagartha ar an gComhairliúchán, (Cáipéis ComReg Uimh. 05/94) maidir le hiarratas An Post (curtha isteach ar 12 Lúnasa 2005), le praghsanna a earraí poist bhaile a fhorchoimeádtar chuige faoi Rialacháin na gComphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) 2002 a mhéadú.

D'aontaigh ComReg leis na méaduithe ceannlíne praghais seo a leanas:

- Méadú praghais ar chlúdach mór ó 60c go 90c.
- Méadú praghais ar phaicéid ó 96c go €2.00.
- Roinnt méaduithe ina sheirbhísí lascainithe do chlúdaigh agus paicéid mhóra.
- Níor athraíodh praghas an bhunstampa ag 48c, toisc nár aontaigh ComReg le hiarratas maidir le hardú praghais.

Le cois an mhéid thuas, rinne ComReg roinnt cinntí eile, ceann acu sin a éilíonn go gcaithfidh fógra trí mhí a bheith caite sula mbeadh An Post ábalta na méaduithe praghais a d'fhaomh ComReg do sheirbhísí sa limistéar forchoimeádta a chur i bhfeidhm.

Ar 20 Feabhra, 2006, chuir An Post sraith méaduithe i bhfeidhm ar thairifí sa limistéar neamh-fhorchoimhéadta, nach raibh faomhadh de dhíth ó ComReg lena n-aghaidh. Agus tairifí a leagan síos aige, tá sí d'oibleagáid dhlíthiúil ar An Post cloí le Prionsabail Tairifí, agus tá freagracht ag ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na Prionsabail[13] Tairifí sin.

## Seirbhís poist uilíoch

Agus Éire ag dul i dtreo margaidh phoist atá go hiomlán léirscaoilte, tá sé ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad go mbeifear ábalta na gnéithe riachtanacha a bhaineann le seirbhís poist a shainaithint a mbeidh gá lena gcinntiú i margadh iomaíoch. Agus é seo curtha san áireamh, chuir ComReg tús le comhairliúchán[14] poiblí i mí Mhárta 2005 le tús a chur leis an díospóireacht faoi cad iad na seirbhísí ar chóir a sholáthar mar chuid de sheirbhís uilíoch phoist in Éirinn.

10 De réir na bprionsabal a leagtar amach i gCaighdeán na hEorpa agus na hÉireann I.S. EN 13850: 2002 'Seirbhísí Poist – Cáilíocht Seirbhíse – Tomhas ar am trasdula seirbhísí ceann go ceann do píosa singil de phost tosaíochta agus de phost den chéad ghrád
11 Cáipéis ComReg Uimh. 05/48 (Meitheamh 30 2005); 05/75 (Meán Fómhair 22 2005), 05/95 (Nollaig 22 2005), 06/19 (Aibreán 06 2005), 06/25 (Meitheamh 20 2006)
12 Cáipéis ComReg No. 05/68r "An Post's proposals to increase the price of Domestic Postal Service 2005"
13 Rialachán 9(1) de I.R Uimh 616 de 2002
14 Cáipéis ComReg Uimh. 05/16 "The Universal Postal Service - Formulating a working definition"

# Rialú Poist AR LEAN

Ar bhreithniú a bheith déanta aige ar thuairimí na gcomhfhreagróirí go léir, d'fhoilsigh ComReg a pháipéar Freagairt ar Chomhairliúcháin 'The Universal Postal Service - Formulating a working definition'(ComReg 05/85) a shonraíonn na seirbhísí faoi leith atá le cur ar fáil mar chuid den tseirbhís uilíoch phoist in Éirinn, agus ansin, na seirbhísí ar chóir don Phost (mar an soláthróir reatha ainmnithe do sheirbhís uilíoch phoist) a sholáthar d'fhonn a oibleagáid maidir le seirbhís uilíoch a sholáthar a chomhlíonadh.

Cinntíonn an sainmhíniú seo go bhfuil ComReg ag cosaint na seirbhísí atá de dhíth ar chustaiméirí poist agus tugann sé cinnteacht mhéadaithe do chustaiméirí (gnólachtaí, eagraíochtaí agus daoine aonair) maidir leis na seirbhísí a bhfuil sí d'oibleagáid ar an soláthróir seirbhíse uilíche a sholáthar dóibh.

Chomh maith le seirbhís na gnáthlitreacha, áirítear ar na príomhghnéithe sa sainmhíniú infheidhme:
- seirbhísí bulcphoist a thairgeann 'seachadadh amháin', 'seachadadh iarchurtha' agus comhcheangal den dá rogha
- seirbhísí bulcphoist idirnáisiúnta
- teorainn chúitimh de €4,600 iníoctha do mhíreanna (seirbhísí litreacha agus beartán) a cailleadh nó ar a cuireadh moill sa tseirbhís árachaithe
- gnáthbheartáin shingil a thairiscint do gach ceann scríbe le hamanna seachadta sprice, praghsanna a chloíonn leis na prionsabail tairifí agus seirbhís chláraithe agus árachaithe
- roinnt de sheirbhísí coimhdeacha agus sheirbhísí eile

### Tobhach ar Phost

Chun críche caiteachas a tabhaíodh go cuí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna maidir le seirbhísí poist a bhaint amach, tugann Alt 30(2) den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, údarás do ComReg tobhach a ghearradh ar sholáthróirí seirbhísí poist. In 2004, leathnaigh ComReg an tobhach poist go dtí gach Soláthróir Seirbhíse Poist Údaraithe[15]. Suas go dtí seo ba é An Post amháin a bhí ag íoc an tobhaigh seo.

Léiríonn an tobhach leasaithe reatha, i bhfeidhm ó 1 Iúil, 2005[16] i leith an fhaisnéis airgeadais reatha is déanaí atá ar fáil do ComReg maidir le Soláthróirí Seirbhíse Údaraithe a thairgeann seirbhís phoist agus a dhéanann áilíniú níos dlúithe ar an méid atá iníoctha leis na costais arna dtabhú ag ComReg i gcomhlíonadh a fheidhmeanna mar rialtóir ar thionscal poist na hÉireann.

Déanfar fuílleach ioncam tobhaigh thar an gcaiteachas tabhaithe ag an gCoimisiún i gcomhlíonadh a fheidhmeanna a choinneáil ag an gCoimisiún le fritháireamh i gcoinne oibleagáidí tobhaigh don chéad bhliain eile, nó déanfar é a aisíoc i gcomhréir leis na gnóthais infheidhme ar a ngearrtar an tobhach.

Níor tháinig athrú ar an tobhach don Phost de 0.25% láimhseachas, a eascraíonn as seirbhís uilíoch a sholáthar.

Tugadh isteach tobhach dhá shraith do gach sealbhóir d'Úradú Seirbhíse Poist, agus don Phost (maidir le seirbhísí poist a thagann lasmuigh de scóip na seirbhíse uilíche)
- €1,000, nuair atá láimhdeachas ábhartha an ghnóthais infheidhme níos lú ná €20,000,000;
- nó €15,000, nuair atá láimhdeachas ábhartha an ghnóthais infheidhme cothrom le, nó níos mó ná, €20,000,000.

### Postchóid

Cuireann an tAontas Poist Uilechoiteann (UPU) ar an Phostchód mar an mbunghné riachtanach de sheoladh, agus mar aitheantóir uathúil, uilíoch, a shainaithníonn ceantar dúiche an tseolaí agus a chuidíonn i seachadadh agus i sortáil míreanna poist.

Faoi láthair úsáideann 117 tír UPU Postchóid mar chuid dá gcórais seolacháin. Is í Éire an t-aon tír san Aontas Eorpach, agus go deimhin ceann den bheagán tíortha sa domhan forbartha nach bhfuil córas postchód aici.

Cheap Noel Dempsey T.D., an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Bord Náisiúnta do Thionscadal Postchód a chuimsíonn ionadaithe a lán de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear ComReg, chun tionscadal postchód a chur ar aghaidh in 2005.

Tháinig an Bord le chéile den chéad uair ar 28 Iúil, faoi chathaoirleacht an Uasail John Tierney, Bainisteoir Contae Fhine Gall. Tá obair curtha i gcrích anois agus cuireadh tuarascáil a mhol an Bord isteach chuig an Aire i mí Iúil 2006.

15 Ó 1 Eanáir 2004 i leith, éilítear ar sholáthróirí seirbhíse poist seachas An Post le láimhdeachas bliantúil de níos mó ná €500,000, gan CBL san áireamh, iarratas a dhéanamh do 'údarú seirbhíse poist'

16 Cáipéis ComReg Uimh. 05/53 - Postal Levy 2005

### Suirbhéanna Cónaithe agus Gnó

D'fhoilsigh ComReg a thorthaí ar shuirbhéanna poist gnó agus chónaithe 2005 le linn na bliana faoi athbhreithniú (Cáipéis ComReg Uimh. 06/09a agus 06/09b) i mí Feabhra 2006.

Chuir ComReg réamhamharc de na torthaí seo i láthair na Soláthróirí Seirbhísí Údaraithe. Ghlac na oibreoirí poist go dearfach leis seo, a lán acu nach mbeadh na hacmhainní acu le tabhairt faoina leithéid de thaighde leo féin.

Soláthraíonn na suirbhéanna bliantúla léargas luachmhar maidir leis an dóigh a bhfuil an margadh poist ag feidhmiú chomh maith le treochtaí atá ag eascairt a léiriú. I measc na bpríomhthorthaí i suirbhéanna 2005 bhí:

Suirbhé Cónaithe

- Rinneadh ar an meán 9 mír poist a sheachadadh chuig gach seoladh baile gach seachtain, agus chuir teaghlaigh Éireannacha 5 mír poist sa phost gach seachtain.
- D'úsáid 1 as 5 comhfhreagróir oibreoirí seachas An Post.
- Fuair an t-aoisghrúpa 45-54 an líon is airde de mhíreanna poist (+11) ar an meán.
- Tháinig méadú níos mó ar mhéideanna de phost díreach gan seoladh ná méideanna de phost le seoladh.
- Faigheann tithe le rochtain idirlín na méideanna is airde sa tseachtain (13 mhír).
- Cuireann daoine fostaithe agus iad siúl le rochtain idirlín an chuid is mó den phost sa phost.
- Bhí 55% de chomhfreagróirí sásta leis an gcostas ginearálta postais.

Suirbhé Gnó

- Lean tromchuid de ghnólachtaí Éireannacha de bheith ag bráth ar An Post amháin, gan ach thart ar 12% ag úsáid An Post chomh maith le soláthróirí seirbhíse eile.
- Chaith gnólachtaí meán de €6,000 ar sheirbhísí poist leis An Post in 2005.
- Tá feasacht faoi sholáthróirí seirbhíse poist seachas An Post measartha íseal.
- Is iad cuideachtaí seirbhísí airgeadais is mó a úsáideann seirbhísí poist.
- Rinne beagnach 1 as 5 chomhfhreagróir gearán faoi sheirbhísí poist (oibreoir ar bith) le bliain anuas. Chreid níos mó ná leath acu nár déileáladh rómhaith lena ngearán.

### Ráiteas Straitéise An Post

D'eisigh ComReg a dhara Ráiteas Straitéise do 2005-2007 (Cáipéis ComReg Uimh. 05/77) i mí Dheireadh Fómhair 2005. Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá sí d'oibleagáid ar ComReg Ráiteas Straitéise a dhéanamh gach dhá bhliain. Caithfidh an Ráiteas Straitéise na cuspóirí a leagtar amach in alt 12 den Acht agus treoracha ar bith faoi Alt 13 den Acht a chur san áireamh.

Cuimsíonn an cháipéis seo breac-chuntas ar an straitéis rialála Poist a mhol ComReg do 2005 go 2007. Cuireann sí síos fosta ar theacht chun cinn na seirbhísí poist, agus leagan sí amach dearcaí ComReg maidir le forbairtí féideartha agus an iarmhairt a bheadh acu ar an margadh sa tréimhse seo.



# Gnóthaí Idirnáisiúnta

## Grúpa Rialtóirí na hEorpa

Tá Grúpa Rialtóirí na hEorpa (EGR), a bunaíodh in 2003 déanta suas d'Údaráis Náisiúnta Rialtóirí Eorpacha (NRAanna). Glacann trí thír Eorpach agus tríocha páirt in obair an ERG. Chomh maith le seacht mBallstát agus fiche an AE, tá ceithre Stát EFTA ann (an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin) agus dhá thír Aontachais/ Iarrthóra de chuid an AE (an Tuirc agus an Chróit).

Soláthraíonn an ERG struchtúr foirmiúil le haghaidh rialtóirí Eorpacha agus an Coimisiún Eorpach le hidirghníomhú agus plé a dhéanamh, agus feidhmiúchán coitianta an chreata rialála do chumarsáid, líonraí agus seirbhísí leitreacha a fhorbairt. Mar chomhlacht comhairleach don Choimisiún Eorpach, soláthraíonn sé an meicníocht do mhachnamh agus do dhíospóireacht agus, nuair a ghlactar lena mholtaí, gníomhaíonn sé le cur cuige coitianta maidir le hidirghabháil rialála a spreagadh. Tá ComReg ina rannpháirtí gníomhach a chuireann leis na tionscadail uile i gclár oibre ERG.

Ba é ullmhú na freagartha ar athbhreithniú ar an gCreat Rialála agus ar Mholadh Choimisiún an Aontais Eorpaigh ar Mhargaidh Earraí agus Seirbhísí Ábhartha a bhí mar thromchuid obair an ERG le linn an chuid is mó den tréimhse. Bhí ComReg mar chathaoirleach ar Fhoireann an Tionscadail a leanann de ghnéithe na moltaí sna réimsí seo a scrúdú.

Le linn na tréimhse Iúil 2005 go dtí Meitheamh 2006, ghlac an ERG le roinnt cáipéisí a threisigh soiléireacht an chuir chuige rialála agus a lorg beart rialála aontaithe a shocrú don todhchaí. I measc na mórcháipéisí a foilsíodh bhí:

***ERG Response to Call for Input on the review of the Regulatory Framework.***
Eisíodh an fhreagairt seo i mí Feabhra 2006 agus chinn sí go raibh cuspóirí an Chreata fós bailí agus, tríd is tríd, go soláthraíonn sí na huirlisí do rialtóirí atá de dhíth orthu d'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach. Mhol an Fhreagairt roinnt coigeartuithe sa dóigh go mbeidh na NRAnna ábalta tosaíochtaí úra a fhorbairt agus margaí ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí úra á dtabhairt isteach. Sainaithníodh na príomhréimsí seo a leanas:

- Ba chóir go ndéanfaí riachtanais phróiséala a shruthlíniú agus a shimpliú le cuidiú le NRAanna – go háirithe na cinn atá níos lú agus le níos lú hacmhainní – d'fhonn díriú ar na ceisteanna is airde tosaíocht.
- Caithfidh an Creat déileáil le ceisteanna iomaíochta áirithe ar bhealach níos éifeachtúla le fíor-chomhionannas rochtana ar phríomhbhonneagar líonra atá riachtanach d'fhorbairt na hiomaíochta a chinntiú. Ba chóir go mbeadh NRAanna ábalta leigheasanna a chur i bhfeidhm ar fud roinnt margaí cumarsáide, toisc go mb'fhéidir go mbeadh fórsa ceannasach i gceann de na margaí ábalta tionchar a imirt ar iomaíocht i margadh eile.
- Tá a lán buntaistí ag baint le hiomaíocht mhéadaithe, ach i roinnt cásanna tharla méadú i mbuarthaí a bhaineann le margaíocht agus príobháideacht tomhaltóirí dá bharr. Caithfear tuilleadh a dhéanamh le tomhaltóirí a chosaint ó bhreiseanna margaidh iomaíoch agus oscailte.

***ERG Project Team Report on International Roaming Retail Tariff Transparency:***
Rinne an ERG athbhreithniú ar leibhéal na trédhreachachta maidir leis na costais fhánaíochta atá ar fáil do chustaiméirí. Lena chois sin rinne an tuarascáil roinnt tionscnamh a d'fhéadfadh feasacht tomhaltóirí faoi chostais fhánaíochta a mhéadú dá ndéanfaí iad a chur i bhfeidhm.

***ERG Report on Experiences with Market Definition, Market Analysis and Applied***
Remedies: Sula ndearnadh an t-athbhreithniú ar an gcreat rialála, rinne an ERG anailís ar fhógraí na NRAanna faoi Airteagal 7 de Threoir an Chreata. Cuireann an tuarascáil síos ar thoradh na n-athbhreithnithe margaidh i 5 phríomh-mhargadh a shainaithníonn treochtaí coitianta agus déanann sí na cúiseanna maidir le difríochtaí sna torthaí a shainaithint.

***ERG Common Position on the approach to appropriate remedies:*** Déanann an Staid Choitianta seo an cur chuige aontaithe maidir leis na leigheasanna is oiriúnaí le dul i ngleic le ceisteanna faoi leith i margaí aonair a leagan amach. Chuir an Staid Choitiana seo le hobair a rinneadh sa réimse seo cheana trí réimsí roghnaithe a athbhreithniú. Tionóladh comhairliúchán poiblí iomlán ar an Staid Choitianta sular glacadh léi.

## Grúpa na Rialtóirí Neamhspleácha

Soláthraíonn Grúpa na Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) deis do na húdaráis náisiúnta rialála le buaileadh le gníomhaireachtaí rialála eile amháin le plé a dhéanamh ar cheisteanna forfheidhmiúcháin. Le comhbhallraíocht mar ERG, léiríodh go raibh an fóram úsáideach mar fhoras díospóireachta ar fhorfheidhmiúchán an chreata rialála seo agus mar mhalartán eolais. D'fhoilsigh an grúpa roinnt cáipéisí le linn na tréimhse, na cinn is suntasaí ná *Principles of Implementation and Best Practice regarding the implementation and use of Retail Minus pricing and Principles of Implementation and Best Practice regarding the use of current cost accounting methodologies* in éineacht le nuashonrú ar fhoilseachán alaghraif de Mobile Termination Rates ar fud na hEorpa.

## An Coiste um Chumarsáid (COCOM)

Bunaithe mar Choiste comhairleach don Choimisiún Eorpach, tá an Coiste beartaithe mar fhóram inar féidir le Ballstáit idirghníomhú leis an gCoimisiún, plé a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le staid agus forbairt na ngníomhaíochtaí rialála a bhaineann le cumarsáid, líonraí agus seirbhísí leictreacha. Tá ComReg rannpháirteach ann in éineacht le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

# Gnóthaí Corparáideacha

Déanann an Rannán Gnóthaí Corparáideacha straitéisí agus polasaithe nuálaíocha a dearadh d'fhonn feidhmíocht oibriúcháin a threisiú. Tá an Rannán freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar na feidhmeanna eagrúcháin seo a leanas:

- acmhainní daonna
- coráis faisnéise
- cúram tomhaltóirí
- cumarsáid

## Ceapacháin Ardbhainistíochta

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunú ComReg ar 1 Nollaig, 2002. Tá an Coimisiún, maraon leis an gCoiste um Bainistíocht Polasaithe (MPC) feagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibriúcháin na heagraíochta. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, chuir an Coimisiún roinnt athruithe struchtúrtha i bhfeidhm, le ceapachán Donal Leavy mar Stiúrthóir ar an Rannán Mórdhíola agus Dermot Nolan mar Stiúrthóir ar an Rannán Miondíola. Tá Shay O'Malley mar Stiúrthóir ar Rannán Gnóthaí Corparáideacha atá méadaithe, a chuimsíonn Cúram Custaiméirí, Seirbhísí Eolais, Acmhainní Daonna agus feidhmeanna Cumarsáide anois. Ceapadh George Merrigan mar Stiúrthóir ar Rannán an Chreata Margaidh.

## Gradaim HRD

Aithníonn an Oifig gur príomhghné dár rath leanúnach í forbairt na n-acmhainní daonna agus nach féidir feidhmíocht feabhais a bhaint amach ach trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh inár bhfoireann agus tiomantas leanúnach a léiriú dóibh.. Dá bhrí sin, bhíomar sásta gur aithin comhlacht seachtrach ár bpolasaithe agus ár gcórais, i. gur bronnadh dhá mhór-Ghradam Acmhainní Daonna orainn - athnuachan den chaighdeán náisiúnta 'Scothsheirbhísí ó Scothfhostaithe' d'fhorbairt acmhainní daonna agus Gradam Náisiúnta (IITD) 2005 ó Institiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann (a bronnadh orainn in 2001 agus 2003 chomh maith). Tugann na creidiúnuithe seo aitheantas do na hardchaighdeáin oiliúna agus forbartha a sholáthraíonn ComReg dá bhaill foirne.

## Seirbhís Eolais

Cuimsíonn feidhm sheirbhísí eolais ComReg iad seo a leanas:-

- Teicneolaíocht Faisnéise
- Rochtain ar Fhaisnéis
- Cúram Custaiméirí

## Teicneolaíocht Faisnéise

Tacaíonn feidhm theicneolaíocht faisnéise ComReg leis an eagraíocht ag leibhéal oibriúcháin; soláthraíonn sé slógadh oirbheartaíochta TF agus córais faisnéise agus imscarann tionscnaimh straitéiseacha TF. Gníomhaíonn feidhm na teicneolaíochta faisnéise mar chumasóir luachmhar gnó do ComReg le cois eispéireas an gheallsealbhóra a threisiú. Baintear é seo amach trí sheirbhísí agus uirlisí ar líne agus trí chórais agus sheirbhísí cúloifige a sholáthar agus a fheabhsú.

Le linn na tréimhse, thug ComReg feidhm fothaithe RSS (Achoimre ar Láithreán Méith) do www.comreg.ie agus www.askcomreg.ie araon. Is formáid atá i RSS le haghaidh láithreáin nuachta agus ábhair ar láithreáin ar chomhchosúil é le nuacht a chur le chéile i sindeacáit. Treisíonn an tseirbhís seo na nuashonruithe ar liostaí seoltaí atá ann cheana agus cuireann sé ar chumas úsáideoirí 'fothaí' de nuashonruithe a fháil ar bhonn rialta gan a bheith orthu dul tríd an láithreán.

Rinneadh athbhreithniú ar Infocentre, an feidhmiúchán bogearra a úsáideann ComReg lenár bhfeidhm cheadúnaithe a thacú, agus tiontaíodh é go dtí bhunachar sonraí caighdéanach fiontair d'fhonn éifeachtacht a threisiú, promhadh ar an mbogearra sa todhchaí agus éascú ar imscaradh nuashonruithe agus athruithe a chinntiú Lena chois sin, cuireadh an fheidhmiúlacht a theastaíonn le scéimeanna ceadúnaithe úra i bhfeidhm.

Sholáthair an fheidhm TF tacaíocht le haghaidh na suiteála teicniúla; dearadh agus lainseáil Chéim 1 de www.callcosts.ie, treoir idirgníomhach praghsanna teileafóin, agus www.askcomreg.ie/roaming, an láithreán do phraghsanna fánaíochta fón póca, agus cuireadh tuilleadh feabhais ar an láithreán crainn mhóibílígh agus na láithreáin r-chéadúnaithe. Sholáthair an láithreán www.comreg.ie/numberchange sonraí de na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm i mí Mheithimh 2006 do chustaiméirí.

Soláthraíodh seirbhísí TF, lena n-áirítear Rochtain Idirlín gan Sreang, do raon cruinnithe agus comhdhálacha. Cuireadh feabhas ar shaoráidí do léiriúcháin/chruinnithe seachtracha fosta. Sholáthair an fheidhm TF tacaíocht deisce agus líonra araon d'fhoireann ComReg. Ar thionscadail eile, rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcóras do chúram custaiméirí d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do thuairisciú agus staitisticí (a fhoilsítear gach ráithe anois ar láithréan gréasáin www.askcomreg.ie, cur i bhfeidhm réiteach ríomhphost móibíleach, feabhas ar scagadh ríomhphost, réiteach do rolladh amach teilea-oibrí bhreise agus ollstór sonraí úra le tacú le foireann na dTreochtaí.

# Gnóthaí Corparáideacha

AR LEAN

### Rochtain ar Fhaisnéis

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuair ComReg 18 n-iarratas le haghaidh faisnéise faoin Acht FOI.

D'fhonn cumarsáid éifeachtach a éascú, agus de réir Reachtaíocht Mhíchumais agus reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla, rinne ComReg roinnt tionscnamh ar Rochtain Faisnéise gaolmhara:-

- Treoracha do Thomhaltóirí i 'ngnáth-Bhéarla'; a baineadh amach le cuidiú ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh (NALA)
- Cáipéis achoimre Comhairliúcháin i 'gnáth-Bhéarla'
- Oifigeach Rochtana agus Gearán a ainmniú agus nósanna imeachta bainteacha a fhorbairt
- D'fhreastail roinnt baill foirne ar chúrsaí Oiliúna sa Ghaeilge
- Soláthraítear gnáth-chomhfhreagras airgeadais ComReg i nGaeilge má luann ceadúnaithe í mar chéadrogha
- Aistrítear príomhcháipéisí ComReg go Gaeilge
- Seirbhís Braille a chur ar fáil do cháipéisí ComReg má iarrtar sin

Ina theannta sin, bronnadh an Marc W ar an dá láithreán tomhaltóirí www.askcomreg.ie agus www.callcosts.ie a léiríonn go bhfuil ComReg tiomanta le faisnéis inrochtana a chur ar fáil do thomhaltóirí agus go ndéanann sé amhlaidh.

### Cúram Custaiméirí

Cuireann feidhm Chúram Custaiméirí ComReg seirbhísí líne ar fáil do thomhaltóirí, lena n-áirítear bainistíocht ar fhiosruithe agus ghearáin agus seirbhísí faisnéise agus feasachta chomh maith. Mionsonraítear na tionscnaimh gaolmhara a seachadadh le linn na tréimhse sa rannán ar Thomhaltóirí.

# Cumarsáid agus Foilseacháin

### An tAonad Cumarsáide

Déanann ár nAonad Cumarsáide atá mar chuid den Rannán Gnóthaí Corparáideacha, preaseisiúintí a eisiúint agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis in iúl do na meáin agus don phobal thar ceann ComReg. Déanann an tAonad ábhar ár láithréain ghréasáin a bhainistiú chomh maith, déileálann sé le fiosruithe ó na meáin, eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir. Lena chois sin tá sé freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus Nuachtlitir ComReg a fhoilsiú.

Tionólann ComReg Comhdháil Náisiúnta gach bliain ar thopaic faoi leith. Tugtar cuireadh do phríomhchainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a saineolas a roinnt lenár dtoscairí. Cuireann na himeachtaí seo ardán foirfe ar fáil maidir le faisnéis, aiseolas agus plé a roinnt i measc gheallsealbhóirí na n-earnálacha rialála agus teicneolaíochta.

D'óstáil ComReg a Fhóram do Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ar 6 Deireadh Fómhair, 2005 in Óstán Conrad, Baile Átha Cliath. Ba é téama chomhdháil ComReg ná Cumarsáid sa 21ú hAois. Sholáthair an fóram deis do dhaoine mór le rá sa tionscal teacht le chéile agus straitéisí agus forbairtí rialála a phlé, chomh maith le deis a thabhairt do ComReg lena 'Ráiteas Straitéis 2005- 2007 a lainseáil.

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ó thionscal na teileachumarsáide ar an bhfóram. Ba é an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal Noel Dempsey TD a chuir tús le himeachtaí na comhdhála.

Is féidir teacht ar liosta na gcáipéisí a foilsíodh le linn na bliana in aguisín 1 den Tuarascáil seo agus tá na cáipéisí go léir ar fáil ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie

# Rialachas Corparáideach


Tá sé mar chuspóir ag na gCoimisiún go gcloítear leis an gcleachtas is fearr i Rialachas Corparáideach. D'fhaomh an Rialtas an Cód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2001. Leag an Cód amach na prionsabail ar Rialachas Corparáideach a éilítear ar comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Maíonn an Cód fosta, nuair a bhíonn forálacha a rialaíonn cúrsaí a bhaineann leis an gCód Cleachtais i reachtaíocht a bhaineann le comhlacht Stáit, leanfaidh an reachtaíocht ábhartha ag rialú na gcúrsaí seo. I gcás ComReg, forálann Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide go nglacfaidh an Coimisiún le faomhadh an Aire agus an Aire Airgeadais, cód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit) agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh a leithéid d'fhaomhadh a fháil.


D'fhaomh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais ár gcód bainistíochta airgeadais. Tá sé foilsithe ar ár láithréan gréasáin.

D'fhonn cuidiú a thabhairt le comhlíonadh a fhreagrachtaí, bhunaigh an Coimisiún Coiste Iniúchta le cúig dhuine le maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais agus córais rialaithe inmhéanaigh ComReg. Tá triúr comhaltaí den Choiste Iniúchta ina gcomhaltaí seachtracha, lena n-áirítear cathaoirleach an Choiste, an tUasal Dan Flinter.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus bhí ceithre chruinniú acu le linn na bliana. Is polasaí de chuid ComReg é cloí leis an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit agus tá tuairisciú déanta aige ar a chomhlíonadh le míreanna ábhartha den chód, sa Tuarascáil seo nó ar leithligh trí litir chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.




Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá ról reachtúil ag ComReg maidir lena chustaméirí a chosaint. Agus é i mbun an róil seo, bíonn ComReg ag iarraidh a chinntiú go bhfaighidh a chustaiméirí luach a gcuid airgid maidir le praghas, rogha agus caighdeán.



# Ráitis Airgeadais

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2006


| | |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH | 47 |
| RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN | 48 |
| RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS | 49 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 50 |
| AN RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA | 51 |
| AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 52 |
| RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 53 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 54 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM | 55 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 56 |

# Tuarascáil an Chathaoirligh

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2006

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch Meitheamh, 2006 a chur faoi bhráid.

### Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide ar 1 Nollaig 2002. Sonraíodh feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Baineann na feidhmeanna sin le rialú agus ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craoltóireachta) agus rialú seirbhísí poist. Bhí an Coimisiún á mhaoiniú go hiomlán as ioncam a fuarthas ó na tionscail chumarsáide leictreonaí agus phoist. Bhí sé de thionchar ag an gCoimisiún Oifig an Stiúrthóra um Rialú Teileachumarsáide a dhíscaoileadh ar 1 Nollaig 2002 agus aistríodh feidhmeanna an Stiúrthóra go dtí an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide.

### Torthaí Airgeadais

Leagtar sonraí maidir le torthaí airgeadais an Choimisiún amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leis na Ráitis Airgeadais. Léiríonn na torthaí don bhliain nach raibh fuílleach nó easnamh ann.

### Iniúchóirí agus Cuntais

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún i cibé foirm a fhaomhfadh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo) é, le cead ón Aire Airgeadais, gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Cuirfidh an Coimisiún cuntais isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le gach bliain. Laistigh de 42 lá ó na cuntais a iniúchadh, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún cóip de na cuntais seo in éineacht le tuarascáil iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo).

### Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideacha a choinneáil. Is é Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bonn ar a mbunaítear ár bpolasaithe ar rialachas corparáideach.

Éilíonn Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 ar ComReg, cód bainistíochta airgeadais a ghlacadh, le faomhadh ón Aire agus ón Aire Airgeadais agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh dó a leithéid d'fhaomhadh a fháil. Lena chois sin, éilítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód cbainistíochta airgeadais agus an cód a athleasú agus a athfhoilsiú más cuí. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún fosta trácht a dhéanamh faoi chomhlíonadh leis an gcód sa tuarascáil bhliantúil.

Rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo) agus an tAire Airgeadais ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) a fhaomhadh. Tá an cód foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus is é polasaí an Choimisiúin comhlíonadh leis an gcód a chinntiú.

### Gnóthas Leantach

Creideann na Coimisinéirí, i ndiaidh dóibh fiosruithe a dhéanamh, go bhfuil go leor acmhainní ag an gCoimisiún le leanúint de bheith i mbun gnó go gceann i bhfad agus gur cuí glacadh leis gur gnóthas leantach atá ann agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

### Íocaíocht phras na gcuntas

Tugann an Coimisiún aitheantas dá fhreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, maidir le gach ábhar, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach i mBeartaíochtaí Tráchtála) 2002 ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm d'fhonn na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta a shainaithint agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí seo. Soláthraíonn nósanna imeachta cosúil leis seo dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomlíonadh ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta le linn na bliana faoi athbhreithniú ná riachtanais na Rialachán a chomhlíonadh.

**Mike Byrne**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
19 Meitheamh 2007

# Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Éilíonn Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar ComReg, gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas d'airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe i cibé foirm a fhaomhfadh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha roimhe seo), ag déanamh idirdhealaithe idir -
(a) a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreach agus
(b) a fheidhmeanna maidir le cúrsaí poist.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag neamhchomhlíonadh ábhartha ar bith a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide de bheith i mbun gnó.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le riachtanais an Achta. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as socmhainní an Choimisiúin a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**Mike Byrne**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
19 Meitheamh 2007

# Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2006

### Freagracht maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide (ComReg) tugaim aitheantas d'fhreagracht an Choimisiúin maidir lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go ndéantar socmhainní a chosaint, beartaíochtaí a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó a aimsiú i dtréimhse thráthúil.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún le timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú trí

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh cliseadh suntasach rialaithe a thuairisciú agus gníomh cuí ceartúcháin a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas trí

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainaithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta déileáil leis na rioscaí a tharlaíonn agus iad a mhaolú.
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialúcháin áirithe a fheidhmiú i gcoibhneas leis an tairbhe a ghnóthaítear.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go sonrach cuimsíonn sé:

- córas cuimsithe buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Coimisiún;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an Coimisiún ar thuarascálacha airgeadais bhliantúla agus thréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlíne maidir le rialú ar infheistíocht chaipitil a shainiú go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

